



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 65

4 Aibreán 2022

Clár

II Gníomhartha neamhrechtacha

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/524 ón gCoimisiún an 27 Eanáir 2022 lena gceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/577 a mhéid a bhaineann le tagairtí áirithe do tháirgí íocshláinte tréidliachta ⁽¹⁾ 1
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/525 ón gCoimisiún an 1 Aibreán 2022 lena gceartaítear leaganacha teanga áirithe de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947 maidir leis na rialacha agus na nósanna imeachta le haghaidh oibriú aerárthaí gan foireann ⁽¹⁾ 3
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/526 ón gCoimisiún an 1 Aibreán 2022 lena maolaítear ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39 i leith na scoilbhliana 2021/2022 a mhéid a bhaineann le seiceálacha ar an láthair ar áitribh iarratasóirí ar chabhair nó foras oideachais chun críoche na scéime scoile 5
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/527 ón gCoimisiún an 1 Aibreán 2022 lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh aonair “ARIEL chlorine Professional System 5 chlorine bleach for white wash” ⁽¹⁾ 7
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/528 ón gCoimisiún an 1 Aibreán 2022 lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha le haghaidh na Ríochta Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá ar liostaí tríú tíortha atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim teacht isteach san Aontas ⁽¹⁾ ... 14

CINNÍ

- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/529 ón gCoimisiún an 31 Márta 2022 lena n-údaraithear táirgí ina bhfuil, arb í atá iontu nó a tháirgtear as ola ráibe ghéinmhodhnaithe 73496 (DP-Ø73496-4) a chur ar an margadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 1868) ⁽¹⁾ 39

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/530 ón gCoimisiún an 31 Márta 2022 lena n-údaráítear táirgí ina bhfuil, arb é atá iontu nó a tháirgtear as cadás géinmhodhnaithe GHB811 (BCS-GH811-4) a chur ar an margadh, de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 1873) ⁽¹⁾ 45
- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/531 ón gCoimisiún an 31 Márta 2022 lena n-athnuaítear an t-údarú chun táirgí ina bhfuil, arb í atá iontu, nó a tháirgtear as pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe GMB151 (BCS-GM151-6) a chur ar an margadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022)1893) ⁽¹⁾ 51
- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/532 ón gCoimisiún an 1 Aibreán 2022 lena mbunaítear liosta de thásca geografacha atá faoi chosaint ag Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle atá le comhdú mar iarratais ar chlárú idirnáisiúnta de bhun Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 1957) 57
- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/533 ón gCoimisiún an 1 Aibreán 2022 lena leagtar síos gur coibhéiseach iad deimhnithe COVID-19 arna n-eisiúint ag Poblacht na Colóime leis na deimhnithe arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, chun an ceart chun saorghluaiseachta a éascú laistigh den Aontas ⁽¹⁾ 60
- ★ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/534 ón gCoimisiún an 1 Aibreán 2022 lena leagtar síos gur coibhéiseach iad deimhnithe COVID-19 arna n-eisiúint ag an Malaeisia leis na deimhnithe arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, chun an ceart chun saorghluaiseachta a éascú laistigh den Aontas ⁽¹⁾ 63

Ceartúcháin

- ★ Ceartúchán ar Rialachán cur chun feidhme (AE) 2022/427 ón gComhairle an 15 Márta 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 87 I, 15.3.2022) 66
- ★ Ceartúchán ar Chinneadh (CBES) 2022/429 ón gComhairle an 15 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 87 I, 15.3.2022) 67

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/524 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Eanáir 2022

lena gceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/577 a mhéid a bhaineann le tagairtí áirithe do tháirgí íocshláinte tréidliachta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 109(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá an earráid le feiceáil i ngach leagan teanga den téacs in aithris (4), chomh maith le pointe (1)(a) agus pointí (2)(a) agus (b) d'Iarscríbhinn I agus pointe (1)(c)(ii) d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/577 ⁽²⁾ ón gCoimisiún, a mhéid a bhaineann le húsáid earráideach an fhocail “tréidliachta” i gcás ina mbeidh baint ag an téacs le táirgí íocshláinte tréidliachta agus le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine. Dá bhrí sin, ba cheart an téarma “táirge íocshláinte” a úsáid, lena gcuimsítear an dá tháirge sin.
- (2) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/577 a cheartú dá réir,
- (3) Ba cheart an Rialachán seo a bheith infheidhme ón 28 Eanáir 2022 i gcomhréir le dáta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/577.
- (4) I gcomhréir le hAirteagal 147(5) de Rialachán (AE) 2019/6, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/577 mar a leanas:

(1) ceartaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (1)(a):

⁽¹⁾ IO L 4, 7.1.2019, lch. 43.

⁽²⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/577 ón gCoimisiún an 29 Eanáir 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le hinneachar agus formáid na faisnéise is gá chun Airteagail 112(4) agus 115(5) a chur i bhfeidhm agus atá le bheith sa doiciméad aitheantais saolré aonair dá dtagraítear in Airteagal 8(4) den Rialachán sin (IO L 123, 9.4.2021, lch. 3).

- “(a) sonraí teagmhála an tréidlia fhreagraigh is sínitheoir a chuir cóireáil ar an ainmhí eachaí lena mbaineann le táirge íocshláinte tréidliachta údaráithe faoin díolúine dá bhforáiltear in Airteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2019/6 nó le táirge íocshláinte a tugadh i gcomhréir le hAirteagal 112(4) den Rialachán sin”;
- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (2)(a) agus (b):
- “(a) sonraí teagmhála an tréidlia fhreagraigh is sínitheoir a thug táirge íocshláinte a raibh substaint ann atá ar an liosta a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 115(5) de Rialachán (AE) 2019/6;
- (b) dáta deireanach ar a tugadh agus suíomh deireanach inar tugadh an táirge íocshláinte dá dtagraítear i bpointe (a) don ainmhí eachaí lena mbaineann;”;
- (2) in Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (1)(c)(ii):
- “(ii) chun an dáta deireanach a tugadh táirge íocshláinte a bhfuil substaint ann atá ar an liosta a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 115(5) de Rialachán (AE) 2019/6, agus sonraí na substainte sin.”

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 28 Eanáir 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Eanáir 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/525 ÓN gCOIMISIÚN
an 1 Aibreán 2022**

**lena gceartaítear leaganacha teanga áirithe de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947 maidir leis
na rialacha agus na nósanna imeachta le haghaidh oibriú aerárthaí gan foireann**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 57 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Sa leagan Portaingéilise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947 ón gCoimisiún ⁽²⁾, tá earráidí in Airteagal 11(5)(a), agus in Aguisín 1, Caibidil I, Ceangaltán A, pointe 1(a)(viii), den Iarscríbhinn agus i bhFoscscríbhinn 3, pointe 4(b), den Iarscríbhinn, earráidí a athraíonn brí na bhforálacha.
- (2) Sa leagan Gearmáinise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947 tá earráid in Airteagal 14(5)(a)(i) a athraíonn brí na forála.
- (3) Dá bhrí sin, ba cheart an leagan Gearmáinise agus an leagan Portaingéilise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile.
- (4) I bhfianaise an ghá cothrom na Féinne a bheith ag gach oibreoir, leas sáraitheach shláine an mhargaidh inmheánaigh mar aon leis an ngá atá le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 31 Nollaig 2020.
- (5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gcoiste arna bhunú le hAirteagal 127 de Rialachán (AE) 2018/1139,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 31 Nollaig 2020.

⁽¹⁾ IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2019 maidir leis na rialacha agus na nósanna imeachta le haghaidh oibriú aerárthaí gan foireann (IO L 152, 11.6.2019, lch. 45).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1 Aibreán 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/526 ÓN gCOIMISIÚN
an 1 Aibreán 2022

Iena maolaítear ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39 i leith na scoilbhliana 2021/2022 a mhéid a bhaineann le seiceálacha ar an láthair ar áitribh iarratasóirí ar chabhair nó foras oideachais chun críocha na scéime scoile

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 62(2), an chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (c) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le hAirteagal 10(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39 ón gCoimisiún ⁽²⁾, leagtar síos íoschéatadán na seiceálacha ar an láthair atá le déanamh ar áitribh iarratasóirí ar chabhair a bhíonn ag déileáil le soláthar agus dáileadh táirgí agus le bearta tionlacain oideachais faoi chuimsiú na scéime dá dtagraítear in Airteagal 23 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ (“an scéim scoile”). Foráiltear le hAirteagal 10(3), an ceathrú fómhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39, i gcás nach foras oideachais an t-iarratasóir ar chabhair, go bhfuil an tseiceáil ar an láthair arna déanamh ar áitreabh an iarratasóra le forlíonadh le seiceálacha ar an láthair ar áitribh dhá fhoras oideachais ar a laghad nó ar áitribh 1 % ar a laghad de na forais oideachais arna dtairgeadh ag an iarratasóir i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/40 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾, cibé acu is mó.
- (2) De dheasca na mbearta atá i bhfeidhm chun dul i ngleic le paindéim COVID-19, dúnadh na bhforas oideachais agus na srianta rochtana ar chuariteoirí seachtracha ar a n-áitribh go háirithe, d’fhéadfadh deacrachtaí a bheith ag na Ballstáit maidir le seiceálacha tráthúla ar an láthair ar áitribh iarratasóirí ar chabhair nó foras oideachais a phleanáil agus a fhorghníomhú le linn na scoilbhliana 2021/2022. Dá bhrí sin, is iomchuí a fhoráil, i gcás nach bhfuil na Ballstáit in ann na seiceálacha sin ar an láthair a dhéanamh mar a cheanglaítear le hAirteagal 10(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39, go bhféadfaidh siad a chinneadh seiceálacha den sórt sin a dhéanamh go cianda, trí fhíschomhdhála, mar shampla.
- (3) Le hAirteagal 10(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39, leagtar síos na rialacha agus na modhanna is infheidhme maidir leis an tuairisciú ar na seiceálacha agus ar na torthaí orthu. Chun an trédhearcacht a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit údar a thabhairt leis an ngá leis an maolú dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus ba cheart dóibh tuairisciú ar úsáid an mhaolaithe sa tuairisc rialaithe atá le tarraingt suas i gcás gach seiceála ar an láthair a dhéantar go cianda.
- (4) Is iomchuí, dá bhrí sin, maolú ar fhorálacha áirithe de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39 i leith na scoilbhliana 2021/2022.
- (5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Chomheagrú na Margái Talmhaíochta,

⁽¹⁾ IO L 347, 20.12.2013, lch. 549.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2016 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cabhair ón Aontas chun torthaí agus glasraí, bananaí agus bainne a sholáthar i bhforais oideachais (IO L 5, 10.1.2017, lch. 1).

⁽³⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margái i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

⁽⁴⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/40 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cabhair ón Aontas chun torthaí agus glasraí, bananaí agus bainne a sholáthar i bhforais oideachais agus lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 907/2014 ón gCoimisiún (IO L 5, 10.1.2017, lch. 11).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. De mhaolú ar Airteagal 10(3), an dara fomhír go dtí an cúigiú fomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39, i gcás nach bhfuil na Ballstáit in ann na seiceálacha ar an láthair ar áitribh iarratasóirí ar chabhair nó foras oideachais a dhéanamh i leith na scoilbhliana 2021/2022, de dheasca na mbeart arna gcur i bhfeidhm chun dul i ngleic le paindéim COVID-19, féadfar na seiceálacha sin a dhéanamh go cianda.
2. De mhaolú ar Airteagal 10(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39, i gcás ina ndéantar na seiceálacha ar an láthair go cianda i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, tabharfaidh an t-údarás rialaithe inniúil údar leis an ngá le maolú den sórt sin agus tuairisceoidh sé ar úsáid an mhaolaithe freisin sa tuarascáil rialaithe.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1 Aibreán 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/527 ÓN gCOIMISIÚN
an 1 Aibreán 2022

lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh aonair “ARIEL chlorine Professional System 5 chlorine bleach for white wash”

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 44(5), an chéad fhomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 11 Nollaig 2018, chuir Procter & Gamble Services Company NV iarratas faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (“an Gníomhaireacht”) i gcomhréir le hAirteagal 43(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 maidir le táirge bithicídeach aonair ar a dtugtar “ARIEL chlorine Professional System 5 chlorine bleach for white wash” de chineál táirge 2 a údarú, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, lena soláthraítear daingniú i scríbhinn gur chomhaontaigh údarás inniúil na Beilge meastóireacht a dhéanamh ar an iarratas. Taifeadadh an t-iarratas faoi chás-uimhir BC-ER045796-14 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha.
- (2) Tá clóirín gníomhach a scaoileadh as hipeaclóiríd sóidiam mar shubstaint gníomhach in “ARIEL chlorine Professional System 5 chlorine bleach for white wash”, agus tá an tsubstaint sin ar liosta an Aontais de na substaintí gníomhacha formheasta dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.
- (3) An 25 Samhain 2020, chuir an t-údarás inniúil meastóireachta, i gcomhréir le hAirteagal 44(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, tuarascáil mheasúnaithe agus conclúidí a mheastóireachta faoi bhráid na Gníomhaireachta.
- (4) An 5 Iúil 2021, chuir an Gníomhaireacht tuairim ⁽²⁾ faoi bhráid an Choimisiúin, mar aon leis an dréacht-achóimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh (“SPC”) atá ag “ARIEL chlorine Professional System 5 chlorine bleach for white wash” agus an tuarascáil mheasúnaithe deiridh ar an táirge bithicídeach aonair i gcomhréir le hAirteagal 44(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.
- (5) Is é conclúid na tuairime gur táirge bithicídeach é “ARIEL chlorine Professional System 5 chlorine bleach for white wash” de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (r), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, go bhfuil sé incháilithe d’údarú Aontais i gcomhréir le hAirteagal 42(1) den Rialachán sin agus, faoi réir chomhlíonadh an dréacht-SPC, go gcomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19(1) den Rialachán sin.
- (6) An 30 Iúil 2021, sheol an Gníomhaireacht an dréacht-achóimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh, i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 44(4) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.
- (7) Aontaíonn an Coimisiún le tuairim na Gníomhaireachta agus measann sé, dá bhrí sin, gurb íomchuí údarú Aontais a dheonú le haghaidh “ARIEL chlorine Professional System 5 chlorine bleach for white wash”.
- (8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

⁽¹⁾ IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.

⁽²⁾ Tuairim ECHA an 16 Meitheamh 2021 maidir le húdarú an Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh “Ariel chlorine Professional System 5 chlorine bleach for white wash” (ECHA/BPC/282/2021). <https://echa.europa.eu/it/opinions-on-union-authorisation>.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Deonaítear údarú Aontais a bhfuil an uimhir údaráithe EU-0026814-0000 aige do Procter & Gamble Services Company NV chun an táirge bhithicéach aonair “ARIEL chlorine Professional System 5 chlorine bleach for white wash” a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir leis an achoimre ar thréithe an táirge bhithicídigh a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Tá an t-údarú Aontais bailí ón 24 Aibreán 2022 go dtí an 31 Márta 2032.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1 Aibreán 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Achoimre ar shaintréithe an táirge le haghaidh táirge bithicéideach

ARIEL Chlorine Professional System 5 Chlorine Bleach for white wash

Cineál táirge 2 - Dífhabháin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabháin)

Uimhir an údaraithe: EU-0026814-0000

Uimhir shócmhainne R4BP: EU-0026814-0000

1. FAISNÉIS RIARACHÁIN

1.1. Trádainm/trádainmneacha an táirge

Trádainm/trádainmneacha	ARIEL Chlorine Professional System 5 Chlorine Bleach for white wash
-------------------------	---

1.2. Sealbhóir an údaraithe

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Ainm	Procter & Gamble Services Company NV
	Seoladh	Temseleen 100, 1853 An Bhruiséil, An Bheilg
Uimhir an údaraithe	EU-0026814-0000	
Uimhir shócmhainne R4BP	EU-0026814-0000	
Dáta an údaraithe	24 Aibreán 2022	
Dáta éaga an údaraithe	31 Márta 2032	

1.3. Déantóir/déantóirí an táirge

Ainm an déantóra	Sutter Industries S.p.A
Seoladh an déantóra	Località Leigozze 1, Borghetto, 15060 Borbera An Iodáil
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Località Leigozze 1, Borghetto, 15060 Borbera An Iodáil

1.4. Déantóir/déantóirí na substaintí gníomhaí nó na substaintí gníomhacha

Substaint ghníomhach	Active chlorine released from sodium hypochlorite
Ainm an déantóra	ALTAIR CHIMICA S.p.A.
Seoladh an déantóra	Via Moie Vecchie n.13, 56048 Saline di Volterra (PI) An Iodáil
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Via Moie Vecchie n.13, 56048 Saline di Volterra (PI) An Iodáil

2. COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TÁIRGE

2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an táirge

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Active chlorine released from sodium hypochlorite		Substaint Ghníomhach			9,05
Hipeaclóirít sóidiam	Hipeaclóirít sóidiam	Substaint neamhghníomhach	7681-52-9	231-668-3	9,5

2.2. Cineál foirmlithe

SL - Tiúchan intuaslagtha

3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM

Ráitis ghuaise	Scaoileann teagmháil le haigéid gás tocsaineach. D'fhéadfadh a bheith creimneach do mhiotail. Ina chúis le dónna troma craicinn agus damáiste don tsúil. An-tocsaineach don saol uisceach le héifeachtaí buana.
Ráitis réamhchúraim	Coimeád i bpacáistiú bunaidh amháin. Ná hanálaigh gala. Nigh lámha go maith tar éis láimhsiú. Seachain scaoileadh isteach sa chomhshaol. Caith lámhainní cosanta. Caith súilchosaint. Caith éadaí cosanta. Glaoigh láithreach ar ionad nimhe nó ar dhochtúir. MÁ SHLOGTAR: Sruthlaigh do bhéal. NÁ spreag urlacan. MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE CRAICEANN (nó gruaig): Bain na héadaí éillithe go léir láithreach. Sruthlaigh an craiceann le uisce. MÁ IONANÁLAÍTEAR: Tabhair an duine amach faoin aer úr agus cinntigh go bhfuil an duine in ann anáil go compordach. MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE SÚILE: Sruthlaigh go cúramach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. Nigh éadaí éillithe roimh athúsáid. Ionsúigh doirteadh chun damáiste ábhartha a chosc. Bailigh doirteadh. Stóráil faoi ghlas. Diúscair ábhar chuig i gcomhréir le rialacháin áitiúla. Diúscair coimeádán chuig i gcomhréir le rialacháin áitiúla.

4. ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE

4.1. Tuairisc úsáide

Tábla 1. Úsáid # 1 — Dífhabhú nócháin (nóchán meaisín) sa chéim sruthluite iar-nócháin

An cineál táirge	PT02 - Dífhabhúin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhúin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spríocorgánach/spríocorgánaigh (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: sonraí ar bith Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: sonraí ar bith Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil
Réimse/réimsí úsáide	Faoi dhíon I meaisíní gairmiúla nócháin (amhail meaisíní nócháin i mbialanna, óstáin, áiseanna nach mbaineann le cúram sláinte) trí chláir dhúnta maidir le cláir dháilte uathobríocha: Dífhabhú línéadaigh tar éis glanta. Ní féidir an táirge seo ach a úsáid ach amháin le trealamh gairmiúil uathobríoch dáilte de chuid Procter & Gamble. Níl an táirge seo údaraithe do dháileoga a thabhairt de láimh.
Modh/modhanna úsáide	Airí modha: Córas iata Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: -
Ráta/rátaí agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: 10,0 mL/L Airí caolaithe: Airí uainithe: Cuirtear an táirge leis uair amháin trí dháileog uathobríoch a thabhairt, do dhífhabhú nócháin ghlain: tar éis na céime nócháin/glanta seachadta trí úsáid Ariel S1 Actilift detergent (ainm tráchtála de Ariel System S1), draenáiltear/baintear amach an t-uisce. Tar éis céim athlíoanta le huisce úr, cuirtear an táirge leis don phríomhnóchán/don chéad fholcadh sruthluite. Tá an táirge éifeachtúil ar earraí glana nuair a úsáidtear é ag 10 mL/L é le linn 15 nóiméad teagmhála ag + 40 °C (cóimheas licéir = 1:5; le lasta ballasta 4 kg)
Catagóir/catagóirí úsáideoirí	Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	ceanastar HDPE 10 L-20 L le hanla múnlaite agus glas sábháilteachta & caipín eochrach. Deimhnithe ag na Náisiúin Aontaithe d'Earraí contúirteacha.

4.1.1. Treoracha úsáidsonracha úsáide

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.1.2. Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.1.3. I gcás ina mbaineann sé go sonrath le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaoil a chosaint

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide.

5. TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE ⁽¹⁾

5.1. Treoracha úsáide

Tá ARIEL Chlorine Professional System 5 chlorine bleach for white wash ina tháirge bithicéideach agus tá sé ceaptha le húsáid le linn an phríomhniócháin amháin, tar éis an réamhniócháin le trealamh dáilte Procter & Gamble Professional do dhífhabhtú níocháin ghlain:

- Glantachán Céim 1 le Ariel System S1 (is fhéidir tagair dó mar réamhniócháin nó príomhniócháin) ag 40 °C ar feadh 10 min: Déantar an t-uisce níocháin a thriomú agus a bhaint amach, agus athlíontar é le huisce úr roimh chéim 2;
- Dífhabhtú Céim 2: is fhéidir tagair dó mar phríomhniócháin (más réamhnióchán í an chéad chéim) nó mar chéad folcadh sruthlaithe (más príomhnióchán é an chéad chéim). Déantar an dara céim ina bhfuil ARIEL Chlorine Professional System 5 chlorine bleach for white wash i gcónaí ag 40 °C ar feadh 15 nóiméad. Leantar é seo le aon nó dhá chéim sruthlaithe agus draenála agus ar deireadh le baineadh amach trí chasadh.

5.2. Bearta maolaithe riosca

Le linn an táirge a láimhseáil agus le linn cothabháil meaisíní (deisiú córais dáilte bhriste):

- Caith lámhainní cosanta atá díonach ar cheimiceáin (EN374).
- Caith cosaint súl (EN166)
- Caith forchóta cosanta (le sonrú ag sealbhóir údaraithe laistigh den fhaisnéis táirge).

5.3. Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

Má shlogtar:: Sruthlaigh béal láithreach. Tabhair rud éigin le hól, má tá an duine arna nochtadh in ann slogadh. NÁ spreagtar urlacan. Cuir glao ar 112/otharcharr chun cúnaimh leighis a fháil.

I gcás teagmhála leis an gcraiceann:: Nigh láithreach le neart uisce. Bain díot aon éadaí éillithe agus nigh iad roimh iad a athúsáid. Nigh le gallúnach agus le huisce agus lean ag sruthlú ar feadh 15 nóiméad. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

I gcás teagmhála leis na súile:: Sruthlaigh láithreach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta é sin a dhéanamh. Lean ag sruthlú ar feadh 15 nóiméad ar a laghad. Cuir glao láithreach ar 112/otharcharr le cúnaimh leighis a fháil.

Má ionanál-aítear:: Tabhair amach faoin aer agus coimeád socair i suíomh atá compordach d'análú. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

5.4. Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

Maidir le srianadh:

- Scúpáil substaint ionsúite isteach i gcoimeádáin dhúnta. Ná húsáid coimeádáin mhiotail.

Modhanna chun glanadh:

- Cainníochtaí beaga de dhoirteadh leachtach: tóg suas in ábhar ionsúiteach neamh-indóite agus sluaisteáil isteach i gcoimeádán lena dhiúscairt. Doirteadh mór: coinnigh substaint a scaoiltear, caidéalaigh í i gcoimeádán oiriúnacha. Ná húsáid coimeádáin mhiotail.

(1) Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáidí údaraithe.

Diúscairt:

- Ní mór an t-ábhar seo agus a choimeádán a dhiúscairt ar bhealach sábháilte i gcomhréir leis na rialacháin áitiúla/réigiúnacha/náisiúnta.
- Ná sceith táirge nach n-úsáidtear ar an talamh, isteach i sruthchúrsaí, isteach i bpiopaí (doirteal, leithris etc.) ná síos sna draein.

5.5. Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*Coinníollacha stórála*

- Coimeád sa bhun-choimeádán.

Ábhair neamh-chomhoiriúnacha

- Miotail, aigéid. Imoibríonn sé le (roinnt) aigéid: scaoileadh gás/gala tocsaineach/tocsaineacha nó ardtocsaineach/ ardtocsaineacha (clóirín). D'fhéadfadh sé a bheith creimneach do mhiotail.

Toirmisc ar stóráil mheasctha

- Coinnigh sa bhun-choimeádán amháin in áit fionnuar, aeráilte go maith amach ó aigéid (láidre).

Limistéar stórála

- Stóráil i limistéar fionnuar. Stóráil in áit thirim.
- Ná stóráil ag teocht os cionn 30 °C.
- Cosnaítear ón tsioc é.
- Coinnigh amach ó sholas díreach na gréine.
- Seilfré: 12 mhí

6. FAISNÉIS EILE

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/528 ÓN gCOIMISIÚN**an 1 Aibreán 2022**

lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha le haghaidh na Ríochta Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá ar liostaí tríú tíortha atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim teacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 230(1) agus 232(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2016/429 ceanglaítear gur gá coinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch teacht ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin chun teacht isteach san Aontas.
- (2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ⁽²⁾ leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí de speicis agus catagóirí áirithe ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe uisceacha.
- (3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ⁽³⁾ bunaítear na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha, nó de chriosanna nó deighleoga de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear na speicis agus catagóirí ainmhithe, na táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 teacht isteach san Aontas.
- (4) Thar aon ní eile, le hIarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leagtar amach na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe i dtaca le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim teacht isteach san Aontas.
- (5) Thug an Ríocht Aontaithe fógra don Choimisiún maidir le ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá an ráig ann gar do Beith, North Ayrshire, Albain, an Ríocht Aontaithe agus deimhníodh í an 18 Márta 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (6) Ina theannta sin, thug an Ríocht Aontaithe fógra don Choimisiún maidir le ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá an ráig ann gar do Strichen, Aberdeenshire, Albain, an Ríocht Aontaithe agus deimhníodh í an 19 Márta 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).

⁽¹⁾ IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis iad teacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1).

- (7) Anuas air sin, thug an Ríocht Aontaithe fógra don Choimisiún maidir le ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá an ráig sin ann gar do Woodbridge, East Suffolk, Suffolk, Sasana, an Ríocht Aontaithe agus deimhníodh í an 20 Márta 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (8) Thairis sin, thug Stáit Aontaithe Mheiriceá fógra don Choimisiún maidir le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá na ráigeanna sin ann i gcontae Hanson, stát South Dakota, Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus i gcontae Kingsbury, stát South Dakota, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus deimhníodh iad an 18 Márta 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (9) Thairis sin arís, thug Stáit Aontaithe Mheiriceá fógra don Choimisiún maidir le ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá an ráig ann i gcontae Hutchinson, stát South Dakota, Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus deimhníodh í an 20 Márta 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (10) Ina theannta sin, thug Stáit Aontaithe Mheiriceá fógra don Choimisiún maidir le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá na ráigeanna sin ann i gcontae Butler, stát Nebraska, Stáit Aontaithe Mheiriceá, i gcontae Cumberland, stát Maine, Stáit Aontaithe Mheiriceá, i gcontae Beadle, stát South Dakota, Stáit Aontaithe Mheiriceá, i gcontae Charles Mix County, contae atá buailte cheana féin, stát South Dakota, Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus i gcontae Hanson, stát South Dakota, Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus deimhníodh iad an 22 Márta 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (11) Thairis sin, thug Stáit Aontaithe Mheiriceá fógra don Choimisiún maidir le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá na ráigeanna sin ann i gcontae Beadle, contae atá buailte cheana féin, stát South Dakota, Stáit Aontaithe Mheiriceá, i gcontae Edmunds, stát South Dakota, Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus i gcontae Kingsbury, stát South Dakota, Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus deimhníodh iad an 23 Márta 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (12) Thairis sin, thug Stáit Aontaithe Mheiriceá fógra don Choimisiún maidir le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá na ráigeanna sin ann i gcontae Butler, contae atá buailte cheana féin, stát Nebraska, Stáit Aontaithe Mheiriceá, i gcontae Jerauld, stát South Dakota, Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus i gcontae Buena Vista, contae atá buailte cheana féin, stát Iowa, Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus deimhníodh iad an 24 Márta 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (13) Thairis sin arís, thug Stáit Aontaithe Mheiriceá fógra don Choimisiún maidir le ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá na ráigeanna sin ann i gcontae Franklin, stát Iowa, Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus i gcontae Meeker, stát Minnesota, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus deimhníodh iad an 25 Márta 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (14) Ina theannta sin, thug Stáit Aontaithe Mheiriceá fógra don Choimisiún maidir le ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis. Tá an ráig ann i gcontae Stearns, stát Minnesota, Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus deimhníodh í an 26 Márta 2022 le hanailís saotharlainne (RT-PCR).
- (15) Bhunaigh údaráis tréidliachta na Ríochta Aontaithe agus Stát Aontaithe Mheiriceá crios rialaithe 10 km timpeall ar na bunaíochtaí atá buailte agus chuir siad beartas díbeartha chun feidhme chun láithreach an fhliú éanúil ardphataiginigh a rialú agus chun leathadh an ghalair sin a theorannú.
- (16) Chuir an Ríocht Aontaithe agus Stáit Aontaithe Mheiriceá faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríocha agus maidir leis na bearta a rinne siad chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis sin. Ar bhonn na meastóireachta sin agus chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint, níor cheart, mar gheall ar na ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach a tharla le déanaí, údarú a thabhairt a thuilleadh do choinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis ná d'fheoil úr ó éanlaith chlóis ná d'éin ghéim teacht isteach san Aontas ó na limistéir atá faoi shrianta arna mbunú ag údaráis tréidliachta na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe.
- (17) Ina theannta sin, chuir an Ríocht Aontaithe faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ina críoch in ndáil leis na ráigeanna de HPAI a deimhníodh i mbunaíochtaí éanlaithe clóis gar do Salwick, Fylde, Lancashire, Sasana an 14 Samhain 2021, gar do Kirkham, Fylde, Lancashire, Sasana an 17 Samhain 2021, gar do Tutbury, East Staffordshire, Staffordshire, Sasana an 2 Nollaig agus gar do Wem, North Shropshire, Shropshire, Sasana an 15 Nollaig 2021. Chuir an Ríocht Aontaithe isteach freisin na bearta a rinne sí chun leathadh breise an ghalair sin a chosc. Go sonrach, tar éis na ráige sin de HPAI, chuir an Ríocht Aontaithe beartas díothaithe chun

feidhme chun leathadh an ghalair sin a rialú agus a theorannú. Ina theannta sin, thug an Ríocht Aontaithe chun críche na bearta glantacháin agus díghalraithe ba ghá tar éis chur chun feidhme an bheartais díothaithe ar an mbunaíocht éanlaithe clóis a bhí ionfhabhtaithe ina críoch.

		Feoil úr éan géim	GBM	P1		18.3.2022	
	US-2.31	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		18.3.2022	
		Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		18.3.2022	
		Feoil úr éan géim	GBM	P1		18.3.2022	

US-2.32	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		20.3.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		20.3.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		20.3.2022	
US-2.33	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		22.3.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		22.3.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		22.3.2022	
US-2.34	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		22.3.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		22.3.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		22.3.2022	
US-2.35	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		22.3.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		22.3.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		22.3.2022	
US-2.36	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		22.3.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		22.3.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		22.3.2022	
US-2.37	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		22.3.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		22.3.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		22.3.2022	
US-2.38	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		23.3.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		23.3.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		23.3.2022	
US-2.39	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		23.3.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		23.3.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		23.3.2022	
US-2.40	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		23.3.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		23.3.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		23.3.2022	

US-2.41	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		24.3.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		24.3.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		24.3.2022	
US-2.42	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		24.3.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		24.3.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		24.3.2022	
US-2.43	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		24.3.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		24.3.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		24.3.2022	
US-2.44	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		25.3.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		25.3.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		25.3.2022	
US-2.45	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		25.3.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		25.3.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		25.3.2022	
US-2.46	Feoil úr éanlaithe clóis seachas raitítigh	POU	N, P1		26.3.2022	
	Feoil úr raitíteach	RAT	N, P1		26.3.2022	
	Feoil úr éan géim	GBM	P1		26.3.2022'	

CINNTÍ

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/529 ÓN gCOIMISIÚN

an 31 Márta 2022

lena n-údaraitear táirgí ina bhfuil, arb í atá iontu nó a tháirgtear as ola ráibe ghéinmhodhnaithe 73496 (DP-Ø73496-4) a chur ar an margadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 1868)

(Is é an téacs Ollainnise atá barántúil, agus an téacs sin amháin)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le bia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 7(3) agus Airteagal 19(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 15 Bealtaine 2012, rinne Pioneer Overseas Corporation, atá lonnaithe sa Bheilg, iarratas a chur isteach, thar ceann Pioneer Hi-Bred International, Inc., atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe, chuig údarás inniúil náisiúnta na hÍsiltíre ('an t-iarratas') maidir le bianna, comhábhair bhia agus beatha ina bhfuil, arb í atá iontu nó a tháirgtear as ola ráibe ghéinmhodhnaithe 73496 a chur ar an margadh, i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003. Bhain an t-iarratas freisin le táirgí ina bhfuil nó arb í atá iontu ola ráibe ghéinmhodhnaithe 73496 a chur ar an margadh le haghaidh úsáidí seachas bia agus beatha, cé is moite de shaothré.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 5(5) agus Airteagal 17(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, áiríodh san iarratas faisnéis agus conclúidí maidir leis an measúnú riosca arna dhéanamh i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾. Áiríodh ann freisin an fhaisnéis a cheanglaítear de bhun Iarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an Treoir sin mar aon le plean faireacháin maidir le héifeachtaí ar an gcomhshaol i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann leis an Treoir sin.
- (3) An 17 Meitheamh 2021, d'eisigh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') tuairim eolaíoch fhabhrach i gcomhréir le hAirteagail 6 agus 18 de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ⁽³⁾. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid maidir le hola ráibe ghéinmhodhnaithe 73496, mar a thuairiscítear san iarratas, go bhfuil sí chomh sábháilte céanna lena macasamhail thraidisiúnta agus leis na cineálacha tagartha ola ráibe nach bhfuil modhnaithe go géiniteach a ndearnadh tástáil orthu, a mhéid a bhaineann leis na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ar shláinte an duine, ar shláinte ainmhithe agus ar an gcomhshaol. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin nach ábhar inní cothaithe atá in ola ráibe ghéinmhodhnaithe 73496 a chaitheamh.
- (4) Ina thuairim eolaíoch, bhreithnigh an tÚdarás gach ceist agus ábhar inní a tharraing na Ballstáit anuas i gcomhréir leis an chomhairliúcháin leis na húdaráis inniúla náisiúnta dá bhforáiltear in Airteagal 6(4) agus Airteagal 18(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 1.

⁽²⁾ Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Márta 2001 maidir le scaoileadh réamhbheartaithe orgánach géinmhodhnaithe amach sa chomhshaol agus lena n-aisghairtear Treoir 90/220/CEE ón gComhairle (IO L 106, 17.4.2001, lch. 1).

⁽³⁾ Painéal OGM EFSA (Painéal EFSA um Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe), 2021. Tuairim Eolaíoch maidir le measúnú ar ola ráibe ghéinmhodhnaithe 73496 le haghaidh úsáidí bia agus beatha, faoi Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 (iarratas EFSA-GMO-NL-2012-109). EFSA Journal [Iris EFSA] 2021; 19(6):6610, 57 pp. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2021.6610>.

- (5) Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin i dtaca leis an bplean faireacháin maidir leis na héifeachtaí ar an gcomhshaol, arna chur isteach ag an iarratasóir, ina bhfuil plean ginearálta faireachais, go bhfuil an plean sin i gcomhréir leis na húsáidí atá beartaithe le haghaidh na dtáirgí.
- (6) Ina theannta sin, mhol an tÚdarás plean monatóireachta iarmhargaidh a chur chun feidhme, plean lena ndíreofaí ar shonraí a bhailiú maidir le hallmhairí a thagann isteach san Aontas i ndáil le hola ráibe ghéinmhodhnaithe 73496 agus i ndáil le táirgí a dhíorthaítear ó ola ráibe ghéinmhodhnaithe 73496 le haghaidh bia agus le haghaidh beatha, agus ar bhailiú sonraí maidir lena caitheamh i dtaca le daoine agus le hainmhithe chun a fhíorú gurb iad na coinníollacha úsáide d'ola ráibe ghéinmhodhnaithe 73496 na coinníollacha a breithníodh le linn an mheasúnaithe riosca réamh-mhargaithe.
- (7) Ní thugann tuairim an Údaráis údar le coinníollacha sonracha nó srianta sonracha eile a fhorchur maidir lena cur ar an margadh, maidir le húsáid agus láimhseáil ná le héiceachórais/comhshaoil agus/nó limistéir gheografacha ar leith a chosaint, dá bhforáiltear in Airteagal 6(5)(e) agus Airteagal 18(5)(e) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.
- (8) Agus na conclúidí sin á gcur san áireamh, maidir le táirgí ina bhfuil, arb í atá iontu nó a tháirgtear as ola ráibe ghéinmhodhnaithe 73496, ba cheart údarás a thabhairt chun na dtáirgí sin a chur ar an margadh le haghaidh na n-úsáidí a liostaítear san iarratas.
- (9) I litir dar dáta an 1 Samhain 2021, d'iarr Pioneer Hi-Bred International, Inc. go ndéanfadh an Coimisiún cearta agus oibleagáidí Pioneer Hi-Bred International, Inc. a bhaineann le gach údarú agus le hiarratais atá ar feitheamh maidir le táirgí géinmhodhnaithe, a aistriú go Corteva Agriscience LLC, atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe, arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium B.V., atá lonnaithe sa Bheilg. Le litir dar dáta an 1 Samhain 2021, dheimhnigh Corteva Agriscience Belgium B.V. toiliú leis an aistriú seo thar ceann Corteva Agriscience LLC.
- (10) Ba cheart aitheantóir uathúil a shannadh d'ola ráibe ghéinmhodhnaithe 73496 i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 65/2004 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾.
- (11) I gcás na dtáirgí a chumhdaítear leis an gCinneadh seo, is cosúil nach gá aon cheanglas sonracha maidir le lipéadú, seachas iad siúd dá bhforáiltear in Airteagal 13(1) agus Airteagal 25(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 agus in Airteagal 4(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾. D'fhonn a áirithiú, áfach, go bhfanfaidh úsáid na dtáirgí sin laistigh de theorainneacha an údaráithe a dheonaítear leis an gCinneadh seo, ba cheart léiriú soiléir a bheith ar lipéadú na dtáirgí ina bhfuil nó arb í atá iontu ola ráibe ghéinmhodhnaithe 73496, cé is moite de bhianna agus comhábhair bia, léiriú a shoiléiríonn nach bhfuil siad ceaptha lena saothrú.
- (12) Ba cheart do shealbhóir an údaráithe tuarascálacha bliantúla a chur isteach maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a leagtar amach sa phlean faireacháin i ndáil le héifeachtaí ar an gcomhshaol agus maidir leis na torthaí a bhaineann leis na ngníomhaíochtaí sin. Ba cheart na torthaí sin a chur i láthair i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos i gCinneadh 2009/770/CE ón gCoimisiún ⁽⁶⁾.
- (13) Ba cheart do shealbhóir an údaráithe tuarascálacha bliantúla a chur isteach freisin maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a leagtar amach sa phlean faireacháin iarmhargaidh agus maidir leis na torthaí a bhaineann leis na ngníomhaíochtaí sin.
- (14) Gach faisnéis ábhartha maidir le húdarú na dtáirgí a chumhdaítear leis an gCinneadh seo ba cheart í a chur isteach i gclár an Chomhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus de bheatha ghéinmhodhnaithe, dá dtagraítear in Airteagal 28(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 65/2004 ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2004 lena mbunaítear córas chun aitheantóirí uathúla d'orgánaigh ghéinmhodhnaithe a fhorbairt agus a shannadh (IO L 10, 16.1.2004, lch. 5).

⁽⁵⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le hinrianaitheacht agus le lipéadú orgánach géinmhodhnaithe agus inrianaitheacht táirgí bia agus beatha a tháirgtear ó orgánaigh ghéinmhodhnaithe agus lena leasaítear Treoir 2001/18/CE (IO L 268, 18.10.2003, lch. 24).

⁽⁶⁾ Cinneadh 2009/770/CE ón gCoimisiún an 13 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear formáidí tuairiscithe caighdeánacha maidir le cur i láthair thorthaí an fháireacháin ar orgánaigh ghéinmhodhnaithe a scaoileadh d'aon ghnó sa chomhshaol, i bhfoirm táirgí nó i dtáirgí, chun iad a chur ar an margadh, de bhun Threoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 275, 21.10.2009, lch. 9).

- (15) Cuirfear an Cinneadh seo in iúl trí Theach Imreítigh na Bithshábháilteachta do Pháirtithe Phrótacal Cartagena maidir leis an mBithshábháilteacht don Choinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch, de bhun Airteagal 9(1) agus Airteagal 15(2)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 1946/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (7).
- (16) Níor thug an Buanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha tuairim uaidh laistigh den teorainn ama a leag Cathaoirleach an Choiste síos. Measadh an gníomh cur chun feidhme seo a bheith riachtanach agus chuir an Cathaoirleach faoi bhráid an choiste achomhairc é le go ndéanfar tuilleadh plé ina leith. Níor thug an coiste achomhairc tuairim uaidh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Orgánach géinmhodhnaithe agus aitheantóir uathúil

Sanntar aitheantóir uathúil DP-Ø73496-4 d'ola ráibe ghéinmhodhnaithe (*Brassica napus* L.) 73496, mar atá sonraithe i bpointe (b) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 65/2004.

Airteagal 2

Údarú

Údaraítear na táirgí seo a leanas chun críocha Airteagal 4(2) agus Airteagal 16(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach sa Chinneadh seo:

- (a) bianna agus comhábhair bia ina bhfuil, arb í atá iontu nó a tháirgtear as ráib ola ghéinmhodhnaithe DP-Ø73496-4;
- (b) beatha ina bhfuil, arb í atá inti nó a tháirgtear as ola ráibe ghéinmhodhnaithe DP-Ø73496-4;
- (c) táirgí ina bhfuil nó arb í atá iontu ola ráibe ghéinmhodhnaithe DP-Ø73496-4 le haghaidh úsáidí eile seachas na húsáidí dá bhforáiltear i bpointí (a) agus (b), cé is moite de shaothrú.

Airteagal 3

Lipéadú

1. Chun críocha na gceanglas maidir le lipéadú a leagtar síos in Airteagal 13(1) agus Airteagal 25(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 agus in Airteagal 4(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003, is é 'ola ráibe' a bheidh mar 'ainm an orgánaigh'.

2. Beidh na focail 'níltear le saothrú' ar lipéad na dtáirgí agus sna doiciméid a ghabhann leis na táirgí sin ina bhfuil nó arb í atá iontu ola ráibe ghéinmhodhnaithe DP-Ø73496-4, dá dtagraítear in Airteagal 1, cé is moite de na táirgí dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (a).

Airteagal 4

Modh braite

Beidh feidhm ag an modh a leagtar amach i bpointe (d) den Iarscríbhinn maidir le hola ráibe ghéinmhodhnaithe DP-Ø73496-4 a bhrath.

(7) Rialachán (CE) Uimh. 1946/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2003 maidir le gluaiseachtaí trasteorann d'orgánaigh ghéinmhodhnaithe (IO L 287, 5.11.2003, lch. 1).

*Airteagal 5***Faireachán ar éifeachtaí ar an gcomhshaol**

1. Áiritheoidh sealbhóir an údaraithe go ndéanfar an plean faireacháin maidir le héifeachtaí ar an gcomhshaol, mar a leagtar amach i bpointe (h) den Iarscríbhinn, a chur ar bun agus a chur chun feidhme.
2. Cuirfidh sealbhóir an údaraithe tuarascálacha bliantúla faoi bhráid an Choimisiúin maidir le maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a leagtar amach sa phlean faireacháin iarmhargaidh agus maidir le torthaí na ngníomhaíochtaí sin i gcomhréir leis an bhformáid a leagtar amach i gCinneadh 2009/770/CE.

*Airteagal 6***Faireachán iarmhargaidh**

1. Áiritheoidh sealbhóir an údaraithe go ndéanfar an plean faireacháin iarmhargaidh maidir le hola ráibe ghéinmhodhnaithe DP-Ø73496-4, mar a leagtar amach i bpointe (i) den Iarscríbhinn, a chur ar bun agus a chur chun feidhme.
2. Cuirfidh sealbhóir an údaraithe tuarascálacha bliantúla faoi bhráid an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a leagtar amach sa phlean faireacháin iarmhargaidh agus maidir le torthaí na ngníomhaíochtaí sin.

*Airteagal 7***Clár Comhphobail**

Cuirfear an fhaisnéis a leagtar amach san Iarscríbhinn isteach i gclár an Chomhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus de bheatha ghéinmhodhnaithe, dá dtagraítear in Airteagal 28(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.

*Airteagal 8***Sealbhóir an údaraithe**

Is é Corteva Agriscience LLC, arna ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium B.V, a bheidh ina shealbhóir údaraithe.

*Airteagal 9***Bailíocht**

Beidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar feadh tréimhse 10 mbliana ón dáta a dtabharfar fógra ina leith.

*Airteagal 10***Seolaithe**

Dírítear an Cinneadh seo chuig Corteva Agriscience LLC, 9330 Zionsville Road Indianapolis, Indiana, 46268-1054, Stáit Aontaithe Mheiriceá, arna n-ionadú san Aontas ag Corteva Agriscience Belgium B.V., Bedrijvenlaan 9, 2800 Mechelen, an Bheilg.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 31 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Stella KYRIAKIDES
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

(a) **Iarratasóir agus sealbhóir an údaraíthe:**

Ainm: Corteva Agriscience LLC
Seoladh: 9330 Zionsville Road, Indianapolis, IN 46268-1054, United States.

Arna n-ionadú san Aontas ag: Corteva Agriscience Belgium B.V., Bedrijvenlaan 9, 2800 Mechelen, Belgium.

(b) **Ainmniú agus sonrú na dtáirgí:**

- (1) bianna agus comhábhair bia ina bhfuil, arb í atá iontu nó a tháirgtear as ráib ola ghéinmhodhnaithe DP-Ø73496-4;
- (2) beatha ina bhfuil, arb í atá inti nó a tháirgtear as olashíl ráibe ghéinmhodhnaithe DP-Ø73496-4;
- (3) táirgí ina bhfuil nó arb í atá iontu olashíl ráibe ghéinmhodhnaithe DP-Ø73496-4 le haghaidh úsáidí seachas na húsáidí dá bhforáiltear i bpointí (1) agus (2), cé is moite de shaothrú.

Léiríonn olashíl ráibe ghéinmhodhnaithe DP-Ø73496-4 an ghéin *gat4621*, lena dtugtar frithsheasmhacht in aghaidh luibhicídí atá bunaithe ar an ngliofosáit.

(c) **Lipéadú:**

- (1) Chun críocha na gceanglas maidir le lipéadú a leagtar síos in Airteagal 13(1) agus in Airteagal 25(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, agus in Airteagal 4(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003, is é 'olashíl ráibe' a bheidh mar 'ainm an orgánaigh'.
- (2) Beidh na focail 'níltear le saothrú' ar lipéad na dtáirgí agus i ndoiciméid a ghabhann leis na táirgí sin ina bhfuil nó arb í atá iontu olashíl ráibe DP-Ø73496-4, cé is moite de na táirgí dá dtagraítear i bpointe (b)(1).

(d) **Modh braite:**

- (1) Modh atá bunaithe ar PCR saintheagmhas fíor-ama cainníochtúil chun olashíl ráibe ghéinmhodhnaithe DP-Ø73496-4 a bhrath;
- (2) Arna bailíochtú ag saotharlann tagartha an Aontais arna bunú faoi Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, arna fhoilsiú ag <http://gmo-crl.jrc.ec.europa.eu/StatusOfDossiers.aspx>;
- (3) Ábhar Tagartha: Tá ERM®-BF434 inrochtana tríd Airmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) an Choimisiúin Eorpaigh ag <https://crm.jrc.ec.europa.eu/>

(e) **Aitheantóir uathúil:**

DP-Ø73496-4

(f) **Faisnéis a éilítear faoi Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch:**

[Teach Imréitigh na Bithshábháilteachta, Uimhir aitheantais an chomhaid: arna fhoilsiú i gclár an Chomhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe nuair a fhógraítear é].

(g) **Coinníollacha nó srianta maidir leis na táirgí a chur ar an margadh, a úsáid nó a láimhseáil:**

Ní gá.

(h) **Plean monatóireachta maidir le héifeachtaí ar an gcomhshaol:**

Plean faireacháin maidir le héifeachtaí ar an gcomhshaol i gcomhréir le hlarscríbhinn VII a ghabhann le Treoir 2001/18/CE

[Nasc: *plean a fhoilsíodh i gclár an Chomhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe*]

(i) **Plean faireacháin iarmhargaidh:**

1. Baileoidh sealbhóir an údaráithe an fhaisnéis seo a leanas:

- (i) cainníochtaí olashíl ráibe ghéinmhodhnaithe DP-Ø73496-4 arna n-allmhairiú isteach san Aontas lena gcur ar an margadh agus cainníochtaí táirgí arna ndíorthú ó olashíl ráibe ghéinmhodhnaithe DP-Ø73496-4 le haghaidh bia agus le haghaidh beatha;
- (ii) i gcás allmhairiú, sonraí maidir leis an olashíl ráibe ráibe ghéinmhodhnaithe DP-Ø73496-4 á caitheamh ag daoine agus ag ainmhithe agus le táirgí arna ndíorthú ó olashíl ráibe ghéinmhodhnaithe DP-Ø73496-4 le haghaidh bia agus le haghaidh beatha.

2. Bunaithe ar an bhfaisnéis a bhaileofar agus a thuairisceofar, déanfaidh sealbhóir an údaráithe an méid seo a leanas:

- (i) athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí réamh-mheasta maidir leis an méid olashíle ráibe ghéinmhodhnaithe DP-Ø73496-4 a chaithfear;
- (ii) na coinníollacha úsáide olashíl ráibe ghéinmhodhnaithe DP-Ø73496-4 a fhíorú, ionas gurb iad na coinníollacha iad a chuirtear san áireamh le linn an mheasúnaithe riosca réamh-mhargaidh.

Nóta: d'fhéadfadh sé gur ghá na naisc chuig na doiciméid ábhartha a athrú thar thréimhse ama. Cuirfear na modhnuithe sin ar fáil don phobal trí chlár an Chomhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus de bheatha ghéinmhodhnaithe a thabhairt cothrom le dáta.

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/530 ÓN gCOIMISIÚN
an 31 Márta 2022

lena n-údaráítear táirgí ina bhfuil, arb é atá iontu nó a tháirgtear as cadás géinmhodhnaithe GHB811 (BCS-GH811-4) a chur ar an margadh, de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 1873)

(Is ag an téacs sa Ghearmáinis a bheidh an t-údarás agus aige sin amháin)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le bia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 7(3) agus Airteagal 19(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 19 Meán Fómhair 2018, rinne BASF Réitigh Talmhaíochta An Bheilg NV, atá lonnaithe sa Bheilg, ar brainse de BASF SE é, atá lonnaithe sa Ghearmáin, iarratas a chur isteach, thar ceann BASF Agricultural Solutions Seed US LLC, atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe, ar údarás inniúil náisiúnta na Spáinne (“an t-iarratas”) maidir le bianna, comhábhair bhia agus beatha ina bhfuil, arb é atá iontu nó a tháirgtear ó chadás géinmhodhnaithe GHB811 a chur ar an margadh, i gcomhréir le hAirteagal 5 agus Airteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003. Cumhdaíodh san iarratas freisin táirgí ina bhfuil nó arb é atá iontu cadás géinmhodhnaithe GHB811 a chur ar an margadh le haghaidh úsáidí seachas bia agus beatha, cé is moite de shaothrú.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 5(5) agus Airteagal 17(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, áiríodh san iarratas faisnéis agus conclúidí maidir leis an measúnú riosca arna dhéanamh i gcomhréir leis na príonsabail a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾. Áiríodh ann freisin an fhaisnéis a cheanglaítear de bhun Iarscríbhinn III agus Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir sin mar aon le plean faireacháin maidir le héifeachtaí ar an gcomhshaol i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann leis an Treoir sin.
- (3) An 16 Lúnasa 2021, d’eisigh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (“an tÚdarás”) tuairim eolaíoch fhabhrach i gcomhréir le hAirteagal 6 agus Airteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ⁽³⁾. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid maidir le cadás géinmhodhnaithe GHB811, mar a thuairiscítear san iarratas, go bhfuil sé chomh sábháilte céanna lena mhacasamhail thraidisiúnta agus leis na cineálacha tagartha cadáis nach bhfuil modhnaithe go géiniteach a ndearnadh tástáil orthu maidir leis na héifeachtaí a d’fhéadfadh a bheith ar shláinte an duine agus ar shláinte ainmhithe agus ar an gcomhshaol. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin nach ábhar inní cothaithe le haghaidh daoine ná le haghaidh ainmhithe é bia nó beatha ó chadás géinmhodhnaithe GHB811 a chaitheamh.
- (4) Ina thuairim eolaíoch, bhreithnigh an tÚdarás gach ceist agus ábhar inní a tharraing na Ballstáit anuas i gcomhthéacs an chomhairliúcháin leis na húdaráis inniúla náisiúnta dá bhforáiltear in Airteagal 6(4) agus in Airteagal 18(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.
- (5) Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin i dtaca leis an bplean faireacháin maidir leis na héifeachtaí ar an gcomhshaol, arna chur isteach ag an iarratasóir, ina bhfuil plean ginearálta faireachais, go bhfuil an plean sin i gcomhréir leis na húsáidí atá beartaithe le haghaidh na dtáirgí.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 1.

⁽²⁾ Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Márta 2001 maidir le scaoileadh réamhbheartaithe orgánach géinmhodhnaithe amach sa chomhshaol agus lena n-aighnítear Treoir 90/220/CEE ón gComhairle (IO L 106, 17.4.2001, lch. 1).

⁽³⁾ Painéal OGM EFSA (Painéal EFSA um Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe), 2021. Tuairim Eolaíoch maidir le measúnú ar chadás géinmhodhnaithe GHB811 le haghaidh úsáidí bia agus beatha, faoi Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 (iarratas EFSA-GMO-ES-2018-154). *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2021; 19(8):6781, 28 lgh.; <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2021.6781>

- (6) Agus na conclúidí sin á gcur san áireamh, maidir le táirgí ina bhfuil, arb é atá iontu nó a tháirgtear as cadás géinmhodhnaithe GHB811, ba cheart údarás a thabhairt chun iad a chur ar an margadh le haghaidh na n-úsáidí a liostaítear san iarratas.
- (7) Ba cheart aitheantóir uathúil a shannadh do cadás géinmhodhnaithe GHB811 i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 65/2004 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾.
- (8) I gcás na dtáirgí a chumhdaítear leis an gCinneadh seo, is cosúil nach gá aon cheanglais shonracha maidir le lipéadú, seachas iad siúd dá bhforáiltear in Airteagal 13(1) agus in Airteagal 25(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 agus in Airteagal 4(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾. D'fhonn a áirithiú, áfach, go bhfanfaidh úsáid na dtáirgí sin laistigh de theorainneacha an údaráithe a dheonaítear leis an gCinneadh seo, ba cheart léiriú soiléir a bheith ar lipéadú na dtáirgí ina bhfuil nó arb é atá iontu cadás géinmhodhnaithe GHB811, cé is moite de bhianna agus comhábhair bia, léiriú a shoiléiríonn nach bhfuil siad ceaptha lena saothrú.
- (9) Ba cheart do shealbhóir an údaráithe tuarascálacha bliantúla a chur isteach maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí agus maidir le torthaí na ngníomhaíochtaí a leagtar amach sa phlean faireacháin maidir le héifeachtaí ar an gcomhshaol. Ba cheart na torthaí sin a chur i láthair i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos i gCinneadh 2009/770/CE ón gCoimisiún ⁽⁶⁾.
- (10) Ní thugann tuairim an Údaráis údar le coinníollacha sonracha nó srianta sonracha a fhorchur maidir le cur ar an margadh, maidir le húsáid agus láimhseáil, lena n-áirítear ceanglais faireacháin iarmhargaidh maidir le bia agus beatha a chaitheamh ina bhfuil, arb é atá iontu nó a tháirgtear ó chadás géinmhodhnaithe GHB811, nó maidir le héiceachórais/comhshaoil nó limistéir gheografacha ar leith a chosaint, mar a fhoráiltear in Airteagal 6(5)(e) agus in Airteagal 18(5)(e) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.
- (11) Gach faisnéis ábhartha maidir le húdarú na dtáirgí a chumhdaítear leis an gCinneadh seo ba cheart í a chur isteach i gclár an Chomhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus de bheatha ghéinmhodhnaithe, dá dtagraítear in Airteagal 28(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.
- (12) Cuirfear an Cinneadh seo in iúl trí Theach Imreítigh na Bithshábháilteachta do Pháirtithe Phrótacal Cartagena maidir leis an mBithshábháilteacht don Choinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch, de bhun Airteagal 9(1) agus Airteagal 15(2)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 1946/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁷⁾.
- (13) Níor thug an Buanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha tuairim uaidh laistigh den teorainn ama a leag Cathaoirleach an Choiste síos. Measadh an gníomh cur chun feidhme seo a bheith riachtanach agus chuir an Cathaoirleach faoi bhráid an choiste achomhairc é le go ndéanfar tuilleadh plé ina leith. Níor thug an coiste achomhairc tuairim uaidh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Orgánach géinmhodhnaithe agus aitheantóir uathúil

Sanntar aitheantóir uathúil BCS-GH811-4 do chadás géinmhodhnaithe (*Gossypium hirsutum* agus *Gossypium barbadense*) GHB811, mar atá sonraithe i bpointe (b) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 65/2004.

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 65/2004 ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2004 lena mbunaítear córas chun aitheantóirí uathúla d'orgánaigh ghéinmhodhnaithe a fhorbairt agus a shannadh (IO L 10, 16.1.2004, lch. 5).

⁽⁵⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le hinrianaitheacht agus lipéadú orgánach géinmhodhnaithe agus inrianaitheacht táirgí bia agus beatha a tháirgtear ó orgánaigh ghéinmhodhnaithe agus lena leasaítear Treoir 2001/18/CE (IO L 268, 18.10.2003, lch. 24).

⁽⁶⁾ Cinneadh 2009/770/CE ón gCoimisiún an 13 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear formáidí caighdeánacha tuairiscithe chun na torthaí faireacháin ar scaoileadh réamhbheartaithe orgánach géinmhodhnaithe amach sa chomhshaol, i bhfoirm táirgí nó i dtáirgí, a thíolacadh d'fhonn iad a chur ar an margadh, de bhun Threoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 275, 21.10.2009, lch. 9).

⁽⁷⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1946/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2003 maidir le gluaiseachtaí trasteorann d'orgánaigh ghéinmhodhnaithe (IO L 287, 5.11.2003, lch. 1).

*Airteagal 2***Údarú**

Údaráitear na táirgí seo a leanas chun críocha Airteagal 4(2) agus Airteagal 16(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach sa Chinneadh seo:

- (a) bianna agus comhábhair bhia ina bhfuil, arb é atá iontu nó a tháirgtear as cadás géinmhodhnaithe BCS-GH811-4;
- (b) beatha ina bhfuil, arb é atá inti nó a tháirgtear as cadás géinmhodhnaithe BCS-GH811-4;
- (c) táirgí ina bhfuil nó arb é atá iontu cadás géinmhodhnaithe BCS-GH811-4 le haghaidh úsáidí eile seachas na húsáidí dá bhforáiltear i bpointe (a) agus pointe (b), cé is moite de shaothrú.

*Airteagal 3***Lipéadú**

1. Chun críocha na gceanglas maidir le lipéadú a leagtar síos in Airteagal 13(1) agus in Airteagal 25(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 agus in Airteagal 4(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003, is é “cadás” a bheidh mar “ainm an orgánaigh”.
2. Beidh na focail “níltear le saothrú” ar lipéad na dtáirgí agus sna doiciméid a ghabhann leis na táirgí sin ina bhfuil nó arb é atá iontu cadás géinmhodhnaithe BCS-GH811-4, cé is moite de na táirgí dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (a).

*Airteagal 4***Modh braite**

Beidh feidhm ag an modh a leagtar amach i bpointe (d) den Iarscríbhinn maidir le cadás géinmhodhnaithe BCS-GH811-4 a bhrath.

*Airteagal 5***Faireachán ar éifeachtaí ar an gcomhshaol**

1. Áiritheoidh sealbhóir an údaráithe go ndéanfar an plean faireacháin maidir le héifeachtaí ar an gcomhshaol, mar a leagtar amach i bpointe (h) den Iarscríbhinn, a chur ar bun agus a chur chun feidhme.
2. Cuirfidh sealbhóir an údaráithe tuarascálacha bliantúla faoi bhráid an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme agus torthaí na ngníomhaíochtaí a leagtar amach sa plean faireacháin iarmhargaidh i gcomhréir leis an bhformáid a leagtar amach i gCinneadh 2009/770/CE.

*Airteagal 6***Clár Comhphobail**

Cuirfear an fhaisnéis a leagtar amach san Iarscríbhinn isteach i gclár an Chomhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus de bheatha ghéinmhodhnaithe, dá dtagraítear in Airteagal 28(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.

*Airteagal 7***Sealbhóir an údaráithe**

Is é BASF Agricultural Solutions Seed US LLC, arna ionadú san Aontas ag BASF SE, a bheidh i sealbhóir an údaráithe.

*Airteagal 8***Bailíocht**

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ar feadh tréimhse 10 mbliana ón dáta a dtabharfar fógra ina leith.

*Airteagal 9***Seolaithe**

Dírítear an Cinneadh seo chuig BASF Agricultural Solutions Seed US LLC, 100 Park Avenue, Florham Park, New Jersey 07932, na Stáit Aontaithe, arna n-ionadú san Aontas ag BASF SE, Carl-Bosch-Str. 38, D-67063, Ludwigshafen, an Ghearmáin.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 31 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Stella KYRIAKIDES
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

(a) **Iarratasóir agus sealbhóir an údaraithe:**

Ainm: BASF Agricultural Solutions Seed US LLC

Seoladh: 100 Park Avenue, Florham Park, New Jersey 07932, na Stáit Aontaithe,

arna n-ionadú san Aontas ag: BASF SE, Carl-Bosch-Str. 38, D-67063, Ludwigshafen, an Ghearmáin.

(b) **Ainmiú agus sonrú na dtáirgí:**

- (1) bianna agus comhábhair bhia ina bhfuil, arb é atá iontu nó a tháirgtear as cadás géinmhodhnaithe BCS-GH811-4;
- (2) beatha ina bhfuil, arb é atá inti nó a tháirgtear as cadás géinmhodhnaithe BCS-GH811-4;
- (3) táirgí ina bhfuil nó arb é atá iontu cadás géinmhodhnaithe BCS-GH811-4 le haghaidh úsáidí seachas na húsáidí dá bhforáiltear i bpointe (1) agus pointe (2), cé is moite de shaothrú.

Léiríonn cadás géinmhodhnaithe BCS-GH811-4 an ghéin *hppdPjW336-1Pa*, lena dtugtar frithsheasmhacht in aghaidh luibhicídí coisctheacha HPPD agus an ghéin *2mepsps*, lena dtugtar frithsheasmhacht in aghaidh luibhicídí atá bunaithe ar an nglíofosáit.

(c) **Lipéadú:**

- (1) Chun críocha na gceanglas maidir le lipéadú a leagtar síos in Airteagal 13(1) agus in Airteagal 25(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 agus in Airteagal 4(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003, is é “cadás” a bheidh mar “ainm an orgánaigh”.
- (2) Beidh na focail “níltear le saothrú” ar lipéad na dtáirgí agus i ndoiciméid a ghabhann leis na táirgí sin ina bhfuil nó arb é atá iontu cadás BCS-GH811-4, cé is moite de na táirgí dá dtagraítear i bpointe (b)(1).

(d) **Modh braite:**

- (1) Modh atá bunaithe ar PCR saintheagmhas fíor-ama cainníochtúil chun cadás géinmhodhnaithe BCS-GH811-4 a bhrath;
- (2) Arna bailíochtú ag saotharlann tagartha an Aontais arna bunú faoi Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, arna fhoilsiú ag <http://gmo-crl.jrc.ec.europa.eu/StatusOfDossiers.aspx>;
- (3) Ábhar Tagartha: Tá ERM®-BF442 inrochtana trí Airmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) an Choimisiúin Eorpaigh ag <https://crm.jrc.ec.europa.eu/>.

(e) **Aitheantóir uathúil:**

BCS-GH811-4

(f) **Faisnéis a éilítear faoi Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch:**

[Teach Imréitigh na Bithshábháilteachta, Uimhir aitheantais an chomhaid: *arna foilsiú i gclár an Chomhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe nuair a fhógraítear é*].

(g) **Coinníollacha nó srianta maidir leis na táirgí a chur ar an margadh, a úsáid nó a láimhseáil:**

Ní gá.

(h) **Plean monatóireachta maidir le héifeachtaí ar an gcomhshaol:**

Plean faireacháin maidir le héifeachtaí ar an gcomhshaol i gcomhréir le hlarscríbhinn VII a ghabhann le Treoir 2001/18/CE.

[Nasc: *plean a foilsíodh i gclár an Chomhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe*]

(i) **Ceanglais faireacháin iarmhargaidh maidir le húsáid an bhia lena chaitheamh ag an duine:**

Ní gá.

Nóta: d'fhéadfadh sé gur ghá na naisc chuig na doiciméid ábhartha a athrú thar thréimhse ama. Cuirfear na modhnuithe sin ar fáil don phobal trí chlár an Chomhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus de bheatha ghéinmhodhnaithe a thabhairt cothrom le dáta.

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/531 ÓN gCOIMISIÚN
an 31 Márta 2022

lena n-athnuaitear an t-údarú chun táirgí ina bhfuil, arb í atá iontu, nó a tháirgtear as pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe GMB151 (BCS-GM151-6) a chur ar an margadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022)1893)

(Is é an téacs Gearmáinise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le bia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 7(3) agus Airteagal 19(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 9 Deireadh Fómhair 2018, rinne BASF SE, atá lonnaithe sa Ghearmáin, thar ceann BASF Agricultural Solutions Seed US LLC, atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe, iarratas a chur isteach ar údarás inniúil náisiúnta na hÍsiltíre (“an t-iarratas”) maidir le bianna, comhábhair bhia agus beatha ina bhfuil, arb í atá iontu nó a tháirgtear as pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe GMB151 a chur ar an margadh, i gcomhréir le hAirteagal 5 agus 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003. Cumhdaíodh san iarratas freisin táirgí ina bhfuil nó arb í atá iontu pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe GMB151 a chur ar an margadh le haghaidh úsáidí seachas bia agus beatha, cé is moite de shaothrú.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 5(5) agus Airteagal 17(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, áiríodh san iarratas faisnéis agus conclúidí maidir leis an measúnú riosca arna dhéanamh i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾. Áiríodh ann freisin an fhaisnéis a cheanglaítear de bhun Iarscríbhinní III agus IV a ghabhann leis an Treoir sin mar aon le plean faireacháin maidir le héifeachtaí ar an gcomhshaoil i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann leis an Treoir sin.
- (3) An 19 Aibreán 2021, d’eisigh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (“an tÚdarás”) tuairim eolaíoch fhabhrach i gcomhréir le hAirteagal 6 agus 18 de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ⁽³⁾. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid maidir le pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe GMB151, mar a thuairiscítear san iarratas, go bhfuil sí chomh sábháilte céanna lena macasamhail thraidisiúnta agus leis na cineálacha tagartha pónaire shoighe nach bhfuil modhnaithe go géiniteach a ndearnadh tástáil orthu maidir leis na héifeachtaí a d’fhéadfadh a bheith ar shláinte an duine agus ar shláinte ainmhithe agus ar an gcomhshaoil. An 4 Samhain 2021 thug an tÚdarás Iarscríbhinn dá thuairim eolaíoch cothrom le dáta chun faisnéis a chur san áireamh, faisnéis a bhí in easnamh sa leagan roimhe sin den Iarscríbhinn seo i ngeall ar fhadhb theicniúil. Ní raibh tionchar ag an nuashonrú sin ar chonclúidí na tuairime eolaíche.
- (4) Ina thuairim, rinne an tÚdarás breithniú ar gach ceist agus ábhar inní a tharraing na Ballstáit anuas i gcomhthéacs an chomhairliúcháin leis na húdaráis inniúnta dá bhforáiltear in Airteagal 6(4) agus Airteagal 18(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.
- (5) Maidir leis an bplean faireacháin le haghaidh éifeachtaí comhshaoil a chuir an t-iarratasóir isteach, arb é atá ann plean faireachais ginearálta, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin go bhfuil an plean sin i gcomhréir le húsáidí beartaithe na dtáirgí.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 1.

⁽²⁾ Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Márta 2001 maidir le scaoileadh réamhbheartaithe orgánach géinmhodhnaithe isteach sa chomhshaoil agus lena n-aisghairtear Treoir 90/220/CEE ón gComhairle (IO L 106, 17.4.2001, lch. 1).

⁽³⁾ Painéal GMO EFSA (Painéal EFSA um Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe), 2021. Tuairim Eolaíoch maidir le measúnú ar phónaire shoighe ghéinmhodhnaithe GMB151 le haghaidh úsáidí bia agus beatha, faoi Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 (iarratas EFSA-GMO-NL-2018-153). EFSA Journal [Iris EFSA] 2021; 19(4):6424. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2021.6424>.

- (6) Agus conclúidí an Údaráis á gcur san áireamh, táirgí ina bhfuil, arb í atá iontu nó a tháirgtear as pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe GMB151, ba cheart údarás a thabhairt chun iad a chur ar an margadh le haghaidh na n-úsáidí a liostaítear san iarratas.
- (7) Ba cheart aitheantóir uathúil a shannadh do phónaire shoighe ghéinmhodhnaithe GMB151 i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 65/2004 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾.
- (8) Maidir leis na táirgí a chumhdaítear leis an gCinneadh seo, dhealródh sé nach gá aon cheanglas lipéadaithe sonracha, seachas iad siúd dá bhforáiltear in Airteagal 13(1) agus Airteagal 25(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 agus in Airteagal 4(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾. D'fhonn a áirithiú, áfach, go bhfanfaidh úsáid na dtáirgí sin laistigh de theorainneacha an údaráithe a dheonaítear leis an gCinneadh seo, ba cheart léiriú soiléir a bheith ar lipéadú na dtáirgí a chumhdaítear leis an údarú sin, cé is moite de tháirgí bia, léiriú a shoiléiríonn nach bhfuil siad ceaptha lena saothrú.
- (9) Ba cheart do shealbhóir an údaráithe tuarascálacha bliantúla a chur isteach maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí agus maidir le torthaí na ngníomhaíochtaí a leagtar amach sa phlean faireacháin maidir le héifeachtaí ar an gcomhshaol. Ba cheart na torthaí sin a chur i láthair i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos i gCinneadh 2009/770/CE ón gCoimisiún ⁽⁶⁾.
- (10) Ní thugann tuairim an Údaráis údar le coinníollacha sonracha nó srianta sonracha a fhorchur maidir le cur ar an margadh, maidir le húsáid agus láimhseáil, lena n-áirítear ceanglais faireacháin iarmhargaidh maidir le bia agus beatha a chaitheamh ina bhfuil, arb í atá iontu nó a tháirgtear as pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe GMB151, nó maidir le héiceachórais/comhshaoil nó limistéir gheografacha ar leith a chosaint, dá bhforáiltear in Airteagal 6(5)(e) agus Airteagal 18(5)(e) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.
- (11) An fhaisnéis ábhartha uile maidir le húdarú na dtáirgí a chumhdaítear leis an gCinneadh seo, ba cheart í a iontráil sa chlár Comhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe dá dtagraítear in Airteagal 28(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.
- (12) Cuirfear an Cinneadh seo in iúl trí Theach Imréitigh na Bitshábháilteachta do Pháirtithe Phrótaical Cartagena maidir leis an mBitshábháilteacht don Choinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch, de bhun Airteagal 9(1) agus Airteagal 15(2)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 1946/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁷⁾.
- (13) Níor thug an Buanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha tuairim uaidh laistigh den teorainn ama a leag Cathaoirleach an Choiste síos. Measadh an gníomh cur chun feidhme seo a bheith riachtanach agus chuir an Cathaoirleach faoi bhráid an choiste achomhairc é le go ndéanfar tuilleadh plé ina leith. Níor thug an coiste achomhairc tuairim uaidh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Orgánach géinmhodhnaithe agus aitheantóir uathúil

Pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe (*Glycine max* (L.) Merr.) GMB151, mar a shonraítear i bpointe (b) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, sanntar an t-aitheantóir uathúil BCS-GM151-6 dó i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 65/2004.

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 65/2004 ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2004 lena mbunaítear córas chun aitheantóirí uathúla a fhorbairt agus a shannadh d'orgánaigh ghéinmhodhnaithe (IO L 10, 16.1.2004, lch. 5).

⁽⁵⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le hinrianaitheacht agus lipéadú orgánach géinmhodhnaithe agus inrianaitheacht táirgí bia agus beatha a tháirgtear ó orgánaigh ghéinmhodhnaithe agus lena leasaítear Treoir 2001/18/CE (IO L 268, 18.10.2003, lch. 24).

⁽⁶⁾ Cinneadh 2009/770/CE ón gCoimisiún an 13 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear formáidí tuairiscithe caighdeánacha maidir le cur i láthair thorthaí an fhaireacháin ar orgánaigh ghéinmhodhnaithe a scaoileadh d'aon ghnó sa chomhshaol, mar tháirgí nó i dtáirgí, chun iad a chur ar an margadh, de bhun Threoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 275, 21.10.2009, lch. 9).

⁽⁷⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1946/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2003 maidir le gluaiseachtaí trasteorann orgánach géinmhodhnaithe (IO L 287, 5.11.2003, lch. 1).

*Airteagal 2***Údarú**

Údaráitear na táirgí seo a leanas chun críocha Airteagal 4(2) agus Airteagal 16(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach sa Chinneadh seo:

- (a) bianna agus comhábhair bhia ina bhfuil, arb í atá iontu nó a tháirgtear as pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe dá dtagraítear in Airteagal 1;
- (b) beatha ina bhfuil, arb í atá inti nó a tháirgtear as pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe dá dtagraítear in Airteagal 1;
- (c) táirgí ina bhfuil nó arb í atá iontu pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe dtagraítear in Airteagal 1 le haghaidh úsáidí seachas iad siúd dá bhforáiltear i bpointí (a) agus (b), cé is moite de shaothrú.

*Airteagal 3***Lipéadú**

1. Chun críocha na gceanglas lipéadaithe a leagtar síos in Airteagal 13(1) agus Airteagal 25(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 agus in Airteagal 4(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003, is é “pónaire shoighe” a bheidh mar “ainm an orgánaigh”.
2. Beidh na focail “níltear le saothrú” ar an lipéad agus sna doiciméid a ghabhann leis na táirgí ina bhfuil nó arb í atá iontu pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe dá dtagraítear in Airteagal 1, cé is moite de tháirgí dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (a).

*Airteagal 4***An modh braite**

Beidh feidhm ag an modh a leagtar amach i bpointe (d) den Iarscríbhinn maidir le pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe dá dtagraítear in Airteagal 1 a bhrath.

*Airteagal 5***Faireachán ar éifeachtaí ar an gcomhshaol**

1. Áiritheoidh sealbhóir an údaraithe go gcuirfear i bhfeidhm agus go gcuirfear chun feidhme an plean faireacháin le haghaidh éifeachtaí comhshaoil, mar a leagtar amach i bpointe (h) den Iarscríbhinn.
2. Cuirfidh sealbhóir an údaraithe faoi bhráid an Choimisiúin tuarascálacha bliantúla maidir le cur chun feidhme agus torthaí na ngníomhaíochtaí a leagtar amach sa phlean faireacháin i gcomhréir leis an bhformáid a leagtar amach i gCinneadh 2009/770/CE.

*Airteagal 6***An clár Comhphobail**

Déanfar an fhaisnéis a leagtar amach san Iarscríbhinn a iontráil sa chlár Comhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe, dá dtagraítear in Airteagal 28(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003.

*Airteagal 7***Sealbhóir an údaraithe**

Is é BASF Solutions Seed US LLC, atá á ionadú san Aontas ag BASF SE, a bheidh i sealbhóir an údaraithe.

*Airteagal 8***Bailíocht**

Beidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar feadh tréimhse 10 mbliana ón dáta a dtabharfar fógra ina leith.

*Airteagal 9***Seolái**

Is chuig BASF Solutions Seed US LLC, 100 Park Avenue, Florham Park, New Jersey 07932, Stáit Aontaithe Mheiriceá, cuideachta atá á hionadú san Aontas ag BASF SE, Carl-Bosch-Str. 38, D-67063 Ludwigshafen, an Ghearmáin, a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 31 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Stella KYRIAKIDES
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

(a) **An t-iarratasóir agus sealbhóir an údaraite:**

Ainm: BASF Solutions Seed US LLC

Seoladh: 100 Park Avenue, Florham Park, New Jersey 07932, Stáit Aontaithe Mheiriceá

atá á ionadú san Aontas ag: BASF SE, Carl-Bosch-Str. 38, D-67063, Ludwigshafen, An Ghearmáin.

(b) **Ainmníocht agus sonraíocht na dtáirgí:**

- (1) bianna agus comhábhair bia ina bhfuil, arb í atá iontu nó a tháirgtear as pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe BCS-GM151-6;
- (2) beatha ina bhfuil, arb í atá inti nó a tháirgtear as pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe BCS-GM151-6;
- (3) táirgí ina bhfuil nó arb í atá iontu pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe BCS-GM151-6, le haghaidh úsáidí seachas iad siúd dá bhforáiltear i bpointí (1) agus (2), cé is moite de shaothrú.

Léiríonn an phónaire shoighe ghéinmhodhnaithe BCS-GM151-6 an ghéin *cry14Ab-1.b*, a thugann frithsheasmhacht in aghaidh néimeatóidí agus an ghéin *hppdPf-4Pa*, lena dtugtar lamháltas fulaingt i leith luibhicídí ar coscairí dé-ocsaigonaís 4-hiodrocsaifeinilporúváite (HPPD) iad, amhail iseacsafutól.

(c) **Lipéadú:**

- (1) Chun críocha na gceanglas lipéadaithe a leagtar síos in Airteagal 13(1) agus Airteagal 25(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 agus in Airteagal 4(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1830/2003, is é “pónaire shoighe” a bheidh mar “ainm an orgánaigh”;
- (2) Beidh na focail ‘níltear le saothrú’ ar an lipéad agus sna doiciméid a ghabhann leis na táirgí ina bhfuil nó arb í atá iontu pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe BCS-GM151-6, cé is moite de na táirgí dá dtagraítear i bpointe (b)(1).

(d) **An modh braite:**

- (1) Modh teagmhas-shonrach maidir le pónaire shoighe ghéinmhodhnaithe BCS-GM151-6 a chainníochtú trí úsáid a bhaint as PCR fíor-ama
- (2) Arna bhailíochtú ag Saotharlann Tagartha an Aontais Eorpaigh a bunaíodh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003, arna fhoilsiú ag <http://gmo-crl.jrc.ec.europa.eu/StatusOfDossiers.aspx>;
- (3) Ábhar Tagartha: Tá ERM®-BF443 inrochtana tríd Airmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) an Choimisiún Eorpaigh ag <https://crm.jrc.ec.europa.eu/>.

(e) **Aitheantóir uathúil:**

BCS-GM151-6

(f) **An fhaisnéis a cheanglaítear faoi Iarscríbhinn II a ghabhann le Prótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch:**

[Teach Imréitigh na Bithshábháilteachta, Uimhir aitheantais an chomhaid: *arna foilsiú sa chlár Comhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe nuair a thabharfar fógra ina leith*].

(g) **Coinníollacha nó srianta maidir leis na táirgí a chur ar an margadh, a úsáid nó a láimhseáil:**

Ní gá.

(h) **Plean faireacháin le haghaidh éifeachtaí comhshaoil:**

Plean faireacháin maidir le héifeachtaí comhshaoil i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Treoir 2001/18/CE.

[Nasc: *plean arna fhoilsiú sa chlár Comhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe*]

(i) **Ceanglais faireacháin iar-mhargaidh maidir le húsáid an bhia mar bhia don duine:**

Ní gá.

Nóta: d'fhéadfadh sé gur ghá na naisc chuig na doiciméid ábhartha a athrú thar thréimhse ama. Cuirfear na modhnuithe sin ar fáil don phobal tríd an gclár Comhphobail de bhia géinmhodhnaithe agus beatha ghéinmhodhnaithe a thabhairt cothrom le dáta.

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/532 ÓN gCOIMISIÚN
an 1 Aibreán 2022

lena mbunaítear liosta de thásca geografacha atá faoi chosaint ag Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle atá le comhdú mar iarratais ar chláirú idirnáisiúnta de bhun Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 1957)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le gníomhaíocht an Aontais tar éis a aontachais le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 2(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ionstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha ⁽²⁾ (“Ionstraim na Ginéive”), is comhaontú idirnáisiúnta é faoina gcuireann na Páirtithe Conarthacha córas chun feidhme chun ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha a chosaint go frithpháirteach.
- (2) Tar éis Chinneadh (AE) 2019/1754 ón gComhairle ⁽³⁾ maidir le haontachas an Aontais le hIonstraim na Ginéive, rinne an tAontas an ionstraim aontachais le hIonstraim na Ginéive a thaisceadh an 26 Samhain 2019. Tháinig aontachas an Aontais le hIonstraim na Ginéive i bhfeidhm an 26 Feabhra 2020. Ós rud é gurbh é an tAontas an cúigiú Páirtí Conarthach a d’aontaigh d’Ionstraim na Ginéive, tháinig Ionstraim na Ginéive i bhfeidhm an dáta céanna sin, i gcomhréir le hAirteagal 29(2) d’Ionstraim na Ginéive.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 5(1) agus (2) d’Ionstraim na Ginéive, féadfaidh Údarás Inniúla gach Páirtí Chonarthach in Ionstraim na Ginéive iarratais a chomhdú maidir le clárú idirnáisiúnta ainmniúcháin tionscnaimh nó táisc gheografaigh le Biúro Idirnáisiúnta na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil, a chláróidh é sa Chlár Idirnáisiúnta. I gcomhréir le hAirteagal 9 d’Ionstraim na Ginéive, sa deireadh féadfaidh na Páirtithe Conarthacha eile cinneadh a dhéanamh an bhfuil siad chun an t-ainmniúchán tionscnaimh nó an tásca geografach sin a chosaint laistigh dá gcríoch féin i bhfianaise nós imeachta sonrathach um scagadh.
- (4) I gcomhréir le hAirteagal 1(2) de Rialachán (AE) 2019/1753, chun críocha an Rialacháin sin agus na ngníomhartha a glacadh dá bhun, cumhdaítear sa téarma “tásca geografacha” na sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus na tásca geografacha faoi chosaint de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾.
- (5) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2019/1753, tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún, ina cháil mar Údarás Inniúil an Aontais, iarratais a chomhdú maidir le clárú idirnáisiúnta ainmniúcháin tionscnaimh an Aontais agus thásca geografacha an Aontais leis an mBiúro Idirnáisiúnta tar éis aontachas an Aontais le hIonstraim na Ginéive agus, ina dhiaidh sin, ar bhonn rialta.
- (6) Idir mí na Samhna agus mí na Nollag 2021, sheol na Ballstáit 18 n-iarratas chuig an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2019/1753, maidir le sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint nó tásca geografacha faoi chosaint ar de thionscnaimh a gcríche iad agus atá cosanta i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 a chlárú sa Chlár Idirnáisiúnta.

⁽¹⁾ IO L 271, 24.10.2019, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 271, 24.10.2019, lch. 15.

⁽³⁾ Cinneadh (AE) 2019/1754 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2019 maidir le haontachas an Aontais Eorpaigh le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha (IO L 271, 24.10.2019, lch. 12).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 343, 14.12.2012, lch. 1).

- (7) Ainmneacha atá cosanta i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 mar shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint (STFC) agus mar thásca geografacha faoi chosaint (TGFC), ba cheart iad a chomhdú mar iarratais ar chlárú sa Chlár Idirnáisiúnta mar ainmniúcháin tionscnaimh agus mar thásca geografacha faoi seach.
- (8) Dá bhrí sin, ba cheart liosta de shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint (STFC) agus tásca geografacha faoi chosaint (TGFC) a bhunú, é bunaithe ar na hiarrataí a sheol na Ballstáit chuig an gCoimisiún chun iarratais a chomhdú maidir le tásca geografacha ar de thionscnamh a gcríche iad agus atá cosanta san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 a chlárú go hidirnáisiúnta.
- (9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Beartas Cáilíochta Táirgí Talmhaíochta,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal Aonair

Bunaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo liosta de shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus tásca geografacha faoi chosaint atá cosanta faoi Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 atá le comhdú mar iarratais ar chlárú idirnáisiúnta ag an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1 Aibreán 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

**Liosta de na tásca geografacha faoi chosaint san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE)
Uimh. 1151/2012 (sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus tásca geografacha faoi chosaint) le
comhdú mar iarratais ar chláru idirnáisiúnta de bhun Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2019/1753**

An Ghearmáin

- Kölsch (TGFC)

An Ghréig

- Ελιά Καλαμάτας/Elia Kalamatas (STFC)
- Γραβιέρα Νάξου/Graviera Naxou (STFC)
- Κονσερβολιά Ροβίων/Konservolia Rovion (STFC)
- Μαστίχα Χίου/Masticha Chiou (STFC)

An Fhrainc

- Huile d'olive de Haute-Provence (STFC)
- Morbier (STFC)
- Piment d'Espelette/Piment d'Espelette - Ezpeletako Biperra (STFC)
- Canard à foie gras du Sud-Ouest (Chalosse, Gascogne, Gers, Landes, Périgord, Quercy) (TGFC)
- Emmental français est-central (TGFC)
- Emmental de Savoie (TGFC)
- Huitres Marennes Oléron (TGFC)
- Jambon de Bayonne (TGFC)
- Pruneaux d'Agen (TGFC)
- Tomme de Savoie (TGFC)

An Iodáil

- Finocchiona (TGFC)

An Rómáin

- Telemea de Ibănești (STFC)
 - Magiun de prune Topoloveni (TGFC)
-

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/533 ÓN gCOIMISIÚN
an 1 Aibreán 2022

lena leagtar síos gur coibhéiseach iad deimhnithe COVID-19 arna n-eisiúint ag Poblacht na Colóime leis na deimhnithe arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, chun an ceart chun saorghluaiseachta a éascú laistigh den Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID AE) a eisiúint agus a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo, chun an tsaorghluaiseacht a éascú le linn phaindéim COVID-19 ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 8(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2021/953, leagtar síos creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (“Deimhniú Digiteach COVID AE”) a eisiúint agus a fhíorú agus chun go nglacfaí leo, ionas go n-éascófar do na sealbhóirí a gceart chun saorghluaiseachta a fheidhmiú le linn phaindéim COVID-19. Rannchuidítear freisin le héascú a dhéanamh ar dheireadh a chur de réir a chéile agus ar mhodh comhordaithe le srianta ar an tsaorghluaiseacht a chuir na Ballstáit i bhfeidhm, i gcomhréir le dlí an Aontais, chun leathadh SARS-CoV-2 a theorannú.
- (2) Le Rialachán (AE) 2021/953, ceadaítear glacadh le deimhnithe COVID-19 arna n-eisiúint ag tríú tíortha do shaoránaigh den Aontas agus dá mbaill teaghlaigh i gcás ina gcinnfidh an Coimisiún gur i gcomhréir le caighdeán a mheastar a bheith coibhéiseach leis na caighdeáin arna mbunú de bhun an Rialacháin sin a eisítear na deimhnithe COVID-19. Thairis sin, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/954 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, ní mór do na Ballstáit na rialacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/953 a chur i bhfeidhm maidir le náisiúnaigh tríú tír nach dtagann faoi raon feidhme an Rialacháin sin, ach atá ag fanacht go dleathach nó a bhfuil cónaí orthu go dleathach ar a gcríoch agus atá i dteideal taisteal chuig Ballstáit eile i gcomhréir le dlí an Aontais. Dá bhrí sin, aon fhionnachtain choibhéise a leagtar síos sa Chinneadh seo, ba cheart feidhm a bheith aici maidir le deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú arna n-eisiúint ag Poblacht na Colóime do shaoránaigh den Aontas agus dá mbaill teaghlaigh. Mar an gcéanna, ar bhonn Rialachán (AE) 2021/954, ba cheart feidhm a bheith ag na fionnachtana coibhéise sin freisin maidir le deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú arna n-eisiúint ag Poblacht na Colóime do náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go dleathach nó a bhfuil cónaí orthu go dleathach ar chríoch na mBallstát faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán sin.
- (3) An 21 Meán Fómhair 2021, chuir Poblacht na Colóime faisnéis mhionsonraithe ar fáil don Choimisiún maidir le heisiúint deimhnithe COVID-19 idir-inoibritheacha i ndáil le vacsaíniú faoin gcóras dar teideal “MINSALUD DIGITAL”. Chuir Poblacht na Colóime in iúl don Choimisiún go measann sí go bhfuil a deimhnithe COVID-19 á n-eisiúint i gcomhréir le caighdeán agus córas teicneolaíochta atá idir-inoibritheach leis an gceart iontaobhe a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/953, agus ar caighdeán agus córas teicneolaíochta iad lena bhfágtar gur féidir barántúlacht, bailíocht agus sláine na ndeimhnithe a fhíorú. I dtaca leis sin, chuir Poblacht na Colóime in iúl don Choimisiún go bhfuil na sonraí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/953 san áireamh sna deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú arna n-eisiúint ag Poblacht na Colóime i gcomhréir leis an gcóras “MINSALUD DIGITAL”.
- (4) Chuir Poblacht na Colóime in iúl don Choimisiún freisin go nglacann sí le deimhnithe i ndáil le vacsaíniú arna n-eisiúint ag na Ballstáit agus ag tíortha LEE i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953.

⁽¹⁾ IO L 211, 15.6.2021, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2021/954 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID AE) a eisiúint maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go dleathach nó a bhfuil cónaí orthu go dleathach ar chríocha na mBallstát le linn phaindéim COVID-19 agus chun iad a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo (IO L 211, 15.6.2021, lch. 24).

- (5) An 18 Márta 2022, i ndiaidh iarraidh a fháil ó Phoblacht na Colóime, rinne an Coimisiún tástálacha teicniúla a léirigh go bhfuil na deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú arna n-eisiúint ag Poblacht na Colóime i gcomhréir le córas, an córas “MINSALUD DIGITAL”, ar córas é atá idir-inoibritheach leis an gcreat iontaoibhe a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/953, rud a fhágann gur féidir barántúlacht, bailíocht agus sláine na ndeimhnithe a fhíorú. Dheimhnigh an Coimisiún freisin go bhfuil na sonraí is gá san áireamh sna deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú arna n-eisiúint ag Poblacht na Colóime i gcomhréir leis an gcóras “MINSALUD DIGITAL”.
- (6) Ina theannta sin, chuir Poblacht na Colóime in iúl don Choimisiún go n-eisíonn sí deimhnithe vacsaínithe idir-inoibritheacha le haghaidh vacsaíní COVID-19. Ar na vacsaíní sin faoi láthair tá Comirnaty, Vaxzevria, CoronaVac, Spikevax agus COVID-19 Vaccine Janssen.
- (7) Chuir Poblacht na Colóime in iúl don Choimisiún freisin nach n-eisíonn sí deimhnithe tástála idir-inoibritheacha.
- (8) Thairis sin, chuir Poblacht na Colóime in iúl don Choimisiún nach n-eisíonn sí deimhnithe idir-inoibritheacha i ndáil le téarnamh.
- (9) Ina theannta sin, chuir Poblacht na Colóime in iúl don Choimisiún go bpróiseálfaí na sonraí pearsanta atá san áireamh sna deimhnithe chun vacsaíniú, stádas an tsealbhóra a fhíorú agus a dheimhniú agus chuige sin amháin nuair a bheidh deimhnithe á bhfíorú ag fíoraitheoirí i bPoblacht na Colóime, agus nach gcoinneofar na sonraí pearsanta ina dhiaidh sin.
- (10) Dá réir sin, comhlíontar na heilimintí is gá chun a shuí go bhfuil na deimhnithe vacsaínithe COVID-19 arna n-eisiúint ag Poblacht na Colóime i gcomhréir leis an gcóras “MINSALUD DIGITAL” a mheastar gur deimhniú é atá coibhéiseach leis na deimhnithe arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953.
- (11) Dá bhrí sin, na deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú arna n-eisiúint ag Poblacht na Colóime i gcomhréir leis an gcóras “MINSALUD DIGITAL”, ba cheart glacadh leo faoi na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 5(5) de Rialachán (AE) 2021/953.
- (12) Chun go mbeidh an Cinneadh seo oibríochtúil, ba cheart Poblacht na Colóime a nascadh leis an gcreat iontaoibhe maidir le Deimhniú Digiteach COVID AE arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/953.
- (13) Ar mhaithe le leas an Aontais a chosaint, go háirithe i réimse na sláinte poiblí, féadfaidh an Coimisiún a chumhachtaí a úsáid chun cur i bhfeidhm an Chinnidh seo a chur ar fionraí nó é a aisghairm, i gcás nach gcomhlíonfar na coinníollacha in Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2021/953 a thuilleadh.
- (14) Chun Poblacht na Colóime a nascadh leis an gcreat iontaoibhe maidir le Deimhniú Digiteach COVID AE a luaithe is féidir, an creat iontaoibhe arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/953, ba cheart don Chinneadh seo teacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (15) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2021/953,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Chun an ceart chun saorghluaiseachta a éascú laistigh den Aontas, measfar go bhfuil na deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú arna n-eisiúint ag Poblacht na Colóime i gcomhréir leis an gcóras “MINSALUD DIGITAL” ina ndeimhnithe atá coibhéiseach leis na deimhnithe arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953.

Airteagal 2

Déanfar Poblacht na Colóime a nascadh leis an gcreat iontaoibhe maidir le Deimhniú Digiteach COVID AE arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/953.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1 Aibreán 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/534 ÓN gCOIMISIÚN
an 1 Aibreán 2022

lena leagtar síos gur coibhéseach iad deimhnithe COVID-19 arna n-eisiúint ag an Malaeisia leis na deimhnithe arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, chun an ceart chun saorghluaiseachta a éascú laistigh den Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID AE) a eisiúint agus a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo, chun an tsaorghluaiseacht a éascú le linn phaindéim COVID-19 ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 8(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2021/953, leagtar síos creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (“Deimhniú Digiteach COVID AE”) a eisiúint agus a fhíorú agus chun go nglacfaí leo, ionas go n-éascófar do na sealbhóirí a gceart chun saorghluaiseachta a fheidhmiú le linn phaindéim COVID-19. Rannchuidítear freisin le héascú a dhéanamh ar dheireadh a chur de réir a chéile agus ar mhodh comhordaithe le srianta ar an tsaorghluaiseacht a chuir na Ballstáit i bhfeidhm, i gcomhréir le dlí an Aontais, chun leathadh SARS-CoV-2 a theorannú.
- (2) Le Rialachán (AE) 2021/953, ceadáitear glacadh le deimhnithe COVID-19 arna n-eisiúint ag tríú tíortha do shaoránaigh den Aontas agus dá mbaill teaghlaigh i gcás ina gcinnfidh an Coimisiún gur i gcomhréir le caighdeán a mheastar a bheith coibhéseach leis na caighdeáin arna mbunú de bhun an Rialacháin sin a eisítear na deimhnithe COVID-19. Thairis sin, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/954 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, ní mór do na Ballstáit na rialacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/953 a chur i bhfeidhm maidir le náisiúnaigh tríú tír nach dtagann faoi raon feidhme an Rialacháin sin, ach atá ag fanacht go dleathach nó a bhfuil cónaí orthu go dleathach ar a gcrioch agus atá i dteideal taisteal chuig Ballstáit eile i gcomhréir le dlí an Aontais. Dá bhrí sin, aon fhionnachtain choibhése a leagtar síos sa Chinneadh seo, ba cheart feidhm a bheith aici maidir le deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú agus tástáil arna n-eisiúint ag an Malaeisia do shaoránaigh den Aontas agus dá mbaill teaghlaigh. Mar an gcéanna, ar bhonn Rialachán (AE) 2021/954, ba cheart feidhm a bheith ag na fionnachtana coibhése sin freisin maidir le deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú agus tástáil arna n-eisiúint ag an Malaeisia do náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go dleathach nó a bhfuil cónaí orthu go dleathach i gcrioch na mBallstát faoi na coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán sin.
- (3) An 18 Samhain 2021, chuir an Mhalaeisia faisnéis mhionsonraithe ar fáil don Choimisiún maidir le heisiúint deimhnithe COVID-19 idir-inoibritheacha i ndáil le vacsaíniú agus tástáil faoin gcóras dar teideal “Vaccine Management System”. Chuir an Mhalaeisia in iúl don Choimisiún go measann sé go bhfuil a dheimhnithe COVID-19 á n-eisiúint i gcomhréir le caighdeán agus córas teicneolaíochta atá idir-inoibritheach leis an gcreat iontaoibhe a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/953, agus ar caighdeán agus córas teicneolaíochta iad a fhágann gur féidir barántúlacht, bailíocht agus sláine na ndeimhnithe a fhíorú. I dtaca leis sin, chuir an Mhalaeisia in iúl don Choimisiún go bhfuil na sonraí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/953 san áireamh sna deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú agus tástáil arna n-eisiúint ag an Téaváin i gcomhréir leis an gcóras “Vaccine Management System”.
- (4) Chuir an Mhalaeisia in iúl don Choimisiún freisin go nglacann sí le deimhnithe i ndáil le vacsaíniú, deimhnithe i ndáil le tástálacha aimplíucháin aigéid núicléasaigh amháin agus deimhnithe i ndáil le téarnamh arna n-eisiúint ag na Ballstáit agus ag tíortha LEE i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953.

⁽¹⁾ IO L 211, 15.6.2021, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán (AE) 2021/954 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID AE) a eisiúint maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go dleathach nó a bhfuil cónaí orthu go dleathach ar chríocha na mBallstát le linn phaindéim COVID-19 agus chun iad a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo (IO L 211, 15.6.2021, lch. 24).

- (5) An 10 Márta 2022, i ndiaidh iarraidh a fháil ón Malaeisia, rinne an Coimisiún tástálacha teicniúla a léirigh go bhfuil na deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú agus tástáil arna n-eisiúint ag an Malaeisia i gcomhréir leis an gcóras “Vaccine Management System”, ar chóras é atá idir-inoibritheach leis an gcreat iontaoibhe a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/953, rud a fhágann gur féidir barántúlacht, bailíocht agus sláine na ndeimhnithe a fhíorú. Dheimhnigh an Coimisiún freisin go bhfuil na sonraí is gá san áireamh sna deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú agus tástáil arna n-eisiúint ag an Malaeisia i gcomhréir leis an gcóras “Vaccine Management System”.
- (6) Ina theannta sin, chuir an Mhalaeisia in iúl don Choimisiún go n-eisíonn sí deimhnithe vacsaínithe idir-inoibritheacha le haghaidh vacsaíní COVID-19. Ar na vacsaíní sin faoi láthair tá Comirnaty, Vaxzevria, CoronaVac, Convidecia agus WIBP-CorV.
- (7) Chuir an Mhalaeisia in iúl don Choimisiún freisin go n-eisíonn sí deimhnithe tástála idir-inoibritheacha i ndáil le tástálacha aimpliúcháin aigéid núicléasaigh ach nach ndéanann sí amhlaidh i ndáil le mearthástálacha antaigíní.
- (8) Thairis sin, chuir an Mhalaeisia in iúl don Choimisiún nach n-eisíonn sí deimhnithe idir-inoibritheacha i ndáil le téarnamh.
- (9) Ina theannta sin, chuir an Mhalaeisia in iúl don Choimisiún go bpróiseálfaí na sonraí pearsanta atá san áireamh sna deimhnithe chun vacsaíniú, toradh tástála nó stádas téarnaimh an tsealbhóra a fhíorú agus a dheimhniú, agus chuige sin amháin, nuair a bheidh deimhnithe á bhfíorú ag fíoraitheoirí sa Mhalaeisia, agus nach gcoinneofar na sonraí pearsanta ina dhiaidh sin.
- (10) Dá réir sin, comhlíontar na heilimintí is gá chun a shuí go bhfuil na deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú arna n-eisiúint ag an Malaeisia i gcomhréir le “Vaccine Management System” le meas mar dheimhnithe atá coibhéiseach leis na deimhnithe arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953.
- (11) Dá bhrí sin, na deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú agus tástáil arna n-eisiúint ag an Malaeisia i gcomhréir le “Vaccine Management System”, ba cheart glacadh leo faoi na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 5(5) agus Airteagal 6(5) de Rialachán (AE) 2021/953.
- (12) Chun go mbeidh an Cinneadh seo oibríochtúil, ba cheart an Mhalaeisia a nascadh leis an gcreat iontaoibhe maidir le Deimhniú Digiteach COVID AE arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/953.
- (13) Ar mhaithe le leas an Aontais a chosaint, go háirithe i réimse na sláinte poiblí, féadfaidh an Coimisiún a chumhachtaí a úsáid chun cur i bhfeidhm an Chinnidh seo a chur ar fionraí nó é a aisghairm, i gcás nach gcomhlíonfar na coinníollacha in Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2021/953 a thuilleadh.
- (14) Chun an Mhalaeisia a nascadh leis an gcreat iontaoibhe maidir le Deimhniú Digiteach COVID AE a luaithe is féidir, an creat iontaoibhe arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/953, ba cheart don Chinneadh seo teacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (15) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2021/953,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Chun an ceart chun saorghluaiseachta a éascú laistigh den Aontas, measfar go bhfuil na deimhnithe COVID-19 i ndáil le vacsaíniú agus tástáil arna n-eisiúint ag an Malaeisia i gcomhréir leis an gcóras “Vaccine Management System” ina ndeimhnithe atá coibhéiseach leis na deimhnithe arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/953.

Airteagal 2

Déanfar an Mhalaeisia a nascadh leis an gcreat iontaoibhe maidir le Deimhniú Digiteach COVID AE arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/953.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 1 Aibreán 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

CEARTÚCHÁIN

Ceartúchán ar Rialachán cur chun feidhme (AE) 2022/427 ón gComhairle an 15 Márta 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 871 an 15 Márta 2022)

Ar leathanach 4, in iontráil 881, faoin gcolún “Faisnéis aitheantais”:

in ionad: “Dáta breithe: 3.10.1948”,

léitear: “Dáta breithe: 13.10.1948”.

Ceartúchán ar Chinneadh (CBES) 2022/429 ón gComhairle an 15 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 87I an 15 Márta 2022)

Ar leathanach 47, in iontráil 881, faoin gcolún “Faisnéis aitheantais”:

in ionad: “Dáta breithe: 3.10.1948”,

léitear: “Dáta breithe: 13.10.1948”.

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)